An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Ló Ghlaoch: 1890 65 65 65

www.pensionsboard.ie

ISSN 1649-8690

An Bord Pinsean Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006

An Bord Pinsean -
The Pensions Board

Údarás do Phinsin



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2006

www.pensionsboard.ie

CLÁR

Ráiteas misin an bhoird pinsean 6

Ról agus feidhmeanna an bhoird pinsean 6

Prionsabail na rialála níos fearr 7

Ar leagan na súl 8

Ráiteas an chathaoirligh 10

Athbhreithniú an phríomhfheidhmeannaigh 13

An bord pinsean: cé sinn féin 17

Foireann an bhoird pinsean 19

Ag tuairisciú ar dhul chun cinn ár gcuspóirí straitéiseacha: treoir ar leagan na súl 21

Rialáil/géilliúlacht 29

Clár na Scéime Pinsean Gairme de chuid an Bhoird Pinsean 22

- Réamhrá 22
- Scéimeanna Sochair Sainmhínithe 22
- Scéimeanna Ranníocaíochta Sainmhínithe 22
- Earraí CCSP 22
- Ceapadh na n-iontaobhaithe ag an mBord 22

Stiúradh na n-Imscrúduithe 22

- Ginearálta 22
- Gníomhaíocht na Scéime Pinsean Gairme 2006 23
- Gníomhaíocht CCSP 2006 23

An Caighdeán Maoinithe a Mhaoirsiú 23

- Ginearálta 23
- Gníomhaíocht 2006 24
- Iarratais don Bhord faoi Alt 49(3) 24
- Staid Foriomlán na n-iarratas don Bhord faoi Alt 49(3) 24

Scéimeanna Trasteorann 25

- Gníomhaíocht 2006 ar Scéimeanna Trasteorann 25

Géilliúlacht le Nochtadh a Mhaoirsiú 25

- Straitéis um Ghéilliúlacht le Nochtadh 25
- Tuairisciú Soláthraí CCSP 26

Ionchúisimh 26

Forbairtí Eile 26

Conclúid 26

Reachtaíocht 27

Réamhrá 27

Athruithe reachtúla chun éifeachtacht na reachtaíochta pinsean a fheabhsú 27

Na Príomh Forbairtí 27

- Conarthaí Blianachta Scoir atá Bunaithe ar Iontaobhas 27
- Pionóis ar an Spota 27

Ceisteanna Reachtacha Eile 28

- Athruithe um an Dlí Teaghlaigh 28
- Ombudsman na bPinsean 28

Conclúid 28

Beartas 29

Réamhrá 29

Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean 29
Coigiltis Speisialta Scoir 29
I dTreo 2016 30
Athbhreithniú ar Phinsin Comhpháirtíochta 30
Scéimeanna Pinsean Croschineálacha 30
Páipéar Glas ar Pholasaí Pinsean Náisiúnta 30
Athbhreithniú na hIontaobhaíochta 30
Athbhreithniú den Chaighdeán Maoinithe 31
Clúdach Pinsean 31
Conclúid 32

Eolas/feachtas náisiúnta feasachta pinsean 33
Réamhrá 33
Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) 33
Tosaíochtaí don FNFP 2006 33
Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean 34
Seirbhísí Eolais agus fiosrúcháin 34
Suíomh Idirlín an Bhoird Pinsean 34
Seirbhísí Tacaíochta na n-Iontaobhaithe 34
Seirbhísí síntiúis le haghaidh cleachtóirí (Seirbhísí Reachtaíochta agus Nótaí Treorach) 35
Seirbhísí Reachtaíochta 35
Nótaí Treorach 35
Conclúid 35

Caidrimh Sheachtracha 36
Committee of European Insurance and Occupational Pension Supervisors (CEIOPS) 37
Coiste na bPinsean Gairme de chuid CEIOPS 37
Organisation for Economic Cooperation and Development (OECD) 37
Caidrimh eile 37
Toscairí ó thíortha eile 37

Seirbhísí corparáideacha 38
Réamhrá 38
Maoiniú 38
Monatóireacht ar Airgeadas 38
Airgeadas 38
Bailiú Táille 39
Dearcadh Airgeadais 39
Achoimre ar Sheirbhís Custaiméara ar Ardchaighdeán 39
Tallann a Bhainistiú 39
An tslí a oibrímid a fheabhs 40
Tallann a Bhainistiú 40
An tslí a oibrímid a fheabhsú 40
Rialachas 41
Forfheidhmiú an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 41
Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 41
Bainistiú Riosca 41
Conclúid 41

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006 43

Report of the Comptroller and Auditor General 44

Statement of Board responsibilities 46

Chairperson's statement on the system of internal financial control 47

Statement of accounting policies 49

Income and expenditure account 51

Balance sheet 52

Cash flow statement 53

Notes to the financial statements 54

APPENDICES 63

Aguisín i – cairteacha agus táblaí 64

Aguisín ii – reachtaíocht 75

Aguisín iii – dátaí oibritheacha de chodanna d'achtanna na bpinsean 80

Aguisín iv – rialacháin/orduithe tosaithe 2006 81

Aguisín v – foilseacháin 84

Aguisín vi – feidhmíocht an phlean gníomhaíochta chustaiméara (pgc) i gcoinne gealltanais 86

Aguisín vii – giorrúcháin 88

Ráiteas Misin
An Bhoird Pinsean

Is í ár aidhm:

- slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí do Chuntais Coigiltis Scoir Pearsanta a chur chun cinn de réir Achtanna na bPinsean,
- an fhorbairt de struchtúir pinsean éifeachtacha náisiúnta a chur chun cinn
- leibhéal páirteachais sa chóras pinsin náisiúnta a chuireann gach saoránach ar a chumas ioncam scoir fónta a fháil a chur chun cinn, agus
- eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha mar thacaíocht de shlándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.

Ról agus feidhmeanna an Bhoird Pinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean ag Acht na bPinsean, 1990 mar chomhlacht ionadaíoch, le cathaoirleach agus sé ghnáth bhall déag a bhí ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Sainmhíníonn Achtanna na bPinsean feidhmeanna an Bhoird mar seo a leanas:

(a) monatóireacht agus feitheoireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Achtanna na bPinsean agus forbairt na bpinsean i gcoitinne, ina n-áirítear gníomhaíocht na soláthraithe de Chuntais Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP), an soláthar d'earraí CCSP agus an fheidhmiú de na CCSP,

(b) comhairle a thabhairt don Aire ar a iarratas, nó as a stuaim féin, faoi na cúrsaí go léir a bhaineann leis na feidhmeanna a cheaptar don Bhord faoi Achtanna na bPinsean agus ar chúrsaí a bhaineann le pinsin i gcoitinne,

(c) treoirlínte nó nótaí treorach a eisiúint faoi dhualgais agus freagrachtaí na hiontaobhaithe de na scéimeanna agus na cóid chleachtais ar ghnéithe sainiúla dá bhfreagrachtaí agus maidir le soláthraithe CCSP agus earraí CCSP,

(d) treoirlínte nó nótaí treorach a eisiúint i gcoitinne faoi fheidhmiú Achtanna na bPinsean agus faoi fhorálacha an Achta um an Dlí Teaghlaigh, 1995, agus an tAcht um Dhlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, a bhaineann le scéimeanna pinsean (laistigh de chiall ailt 2 d'Acht an Dlí Teaghlaigh, 1995 agus alt 2 d'Acht an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996),

(e) an fhoráil d'áiseanna oiliúna cuí d'iontaobhaithe na scéimeanna a spreagadh,

(f) comhairle a thabhairt don Aire faoi na cúrsaí go léir a thagann chun cinn maidir le hAchtanna na bPinsean agus caighdeáin d'iontaobhaithe na scéimeanna agus faoina bhforfheidhmiú,

(g) tuarascáil bhliantúil agus tuarascálacha eile dá leithéid a fhoilsiú de réir mar a mheasann sé, ó am go ham, a bheith ag teastáil, agus

(h) feidhmeanna dá leithéid a iarann an tAire, ó am go ham, a dhéanamh.

Prionsabail na Rialála Níos Fearr

Comhlíonann an Bord a ról rialaitheach bunaithe ar an prionsabail seo a leanas:

Simplíocht: Ba chóir go bhforbródh an rialáil go léir cosaint na mball. Ba chóir go dtabharfaidh sé an dhúil dheonach de scéimeanna pinsean agus an gá le haghaidh rialáil nach mbaineann uchtach as foráil phinsin atá ann cheana nó an bunú d'fhoráil pinsean nua faoi deara.

Trédhearcacht: Tá an príomh fhreagracht maidir leis an dea-iompar de na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe. Cuireann an Bord béim ar an nochtadh eolais, d'fhonn daoine aonair, a gceardchumainn agus comhairleoirí eile a chur ar a gcumas, monatóireacht a dhéanamh ar staid a socruithe pinsean féin.

Comhréireacht: Is é ár mbeartas iarracht a dhéanamh chun géilliúlacht le riachtanais rialaitheacha a dhaingniú gan gá le gníomhaíocht dlíthiúil, ach go dtógfar a leithéid de ghníomhaíocht más gá. Is iad leasa na mball den scéim ár gcéad tosaíocht.

Feidhmiúlacht, Éifeachtacht agus Cothrom na Féinne: Tá na prionsabail ghinearálta de fheidhmiúlacht, éifeachtacht agus cothrom na féinne mar threoir dár ngníomhaíochtaí go léir.

Ar leagan na súl

- Ag deireadh 2006, bhí ballraíocht ghníomhach iomlán de 797,370 i scéimeanna pinsean gairme ar chlár an Bhoird, suas ó 734,699 i 2005 agus 629,801 ag deireadh 2000.
- As an 502 teastas maoinithe achtúireacha a chuireadh faoi bhráid an Bhoird i rith 2006, shásaigh 70% de na scéimeanna sochair sainmhínithe an caighdeán maoinithe i gcomparáid le 57% díobh ag deireadh 2005.
- Is ionann líon iomlán na gconarthaí CCSP ag deireadh 2006 agus 95,045. Tháinig luach iomlán na sócmhainní go €835.3 milliún, méadú de níos mó ná 80% ar luach na sócmhainní a bhí ar lámh i 2005.
- Chuir an Bord tuarascáil faoi na dualgais sainordaitheacha den fhostóir le haghaidh CCSP amach. Léiríonn na torthaí go raibh ard leibhéal géilliúlachta ann.
- D'éirigh leis an mBord 2 cás a hionchúiseamh i gcoinne iontaobhaithe na scéimeanna pinsean gairme agus 7 cás i gcoinne fostóirí.
- I measc na bhforbairtí beartais a tharla i rith na bliana bhí:
    - An foilseachán den tuarascáil um Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean in Eanáir;
    - An foilseachán den tuarascáil um Choigiltis Speisialta Scoir in Iúil;
    - An cur i láthair d'athbhreithniú na hiontaobhaíochta don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh; agus
    - Ionchur an Bhoird do Pháipéar Glas an Rialtais *I dTreo 2016* faoi Phinsin i gcumas teicniúil.
- Bhí Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean i mBealtaine san áireamh i bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean le haghaidh 2006 a bhí dírithe ar dhaoine óga, agus feachtas a bhí ar siúl roimh spriocdháta an chomhdaithe cánach i nDeireadh Fómhair, a dhírigh ar cheisteanna leorgachta agus na daoine féinfhostaithe.
- Tá pinsean ag 61.8% de dhaoine fostaithe atá thar aois 30, de réir Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh (QNHS) de chuid an CSO ar chlúdach a bhaineann le pinsin a rinneadh i Ráithe IV 2005.
- Déanfar seirbhís reachtaíochta an Bhoird a thabhairt do sholáthraí seirbhíse allamuigh, i bhformáid arlíne, le dul i bhfeidhm go luath i 2007.
- Rinneadh níos mó ná 250,000 cuairt ar an suíomh idirlín i rith 2006, i gcomparáid le 216,000 i 2005.
- I mí na Samhna 2006 bhí an Bord Pinsean ar an ngearrliosta deireanach de na PA Consulting/Sunday Times Management Awards.

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm an séú tuarascáil bhliantúil déag de An Bord Pinsean – The Pensions Board ("an Bord"), a chur isteach, i gcomhréir le hAlt 23 d'Achtanna na bPinsean don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006. Clúdaíonn an tuarascáil seo an chéad bhliain den Bhord nua agus an chéad bhliain den ráiteas straitéiseach 2006-2010 nua freisin.

Thar cheann an Bhoird ba mhaith liom an seans seo a thógáil chun mo mheas a léiriú do Anne Maher Uasal, a d'éirigh as post an Phríomhfheidhmeannach den Bhord i mí na Samhna 2006 tar éis níos mó ná deich mbliana in oifig. Guím ómós ar Anne as a gealltanas iontach agus as a tiomantas don Bhord thar an deich mbliana deireanach. Cuirim fáilte roimh an Phríomhfheidhmeannach nua, an tUasal Brendan Kennedy. Táim féin agus an Bord ag tnúth le bheith ag obair le Brendan sa todhchaí.

Róil an Bhoird Pinsean

Comhlíonann an Bord roinnt róil an-tábhachtacha i gcúrsaí pinsean. Ar dtús agus thar aon ní eile, is é an Bord rialtóir na scéimeanna pinsean gairme agus na Cuntais Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) agus tá sé freagrach as reachtaíocht na bpinsean a chur i bhfeidhm. Tugann an Bord comhairle don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh freisin maidir le cúrsaí pinsean, ar a iarratas agus as stuaim an Bhoird féin araon. Tugadh an fhreagracht don Bhord freisin as eolas a chur ar fáil faoi phinsin, agus as meabhraíocht faoi phinsin a fheabhsú trína fheachtais bhliantúla.

Is tábhachtach í obair an Bhoird Pinsean do lucht leanúna leathan. Ar dtús agus thar aon ní eile, déanann an Bord, trína ról rialaitheach, maoirsiú ar na coigiltis scoir de bhaill na scéime pinsean agus ranníocóirí CCSP. Cuireann an Bord seirbhís eolais ar fáil do thaisceoirí pinsean, d'iontaobhaithe pinsean, agus dóibh siúd atá bainteach leis an mbainistiú agus an riarachán de phinsin. Trína ról beartais, déanann an Bord ionchur tábhachtach d'fhorbairt agus do thacaíocht na bpinsean in Éirinn. Cothaíonn an dúil ionadaíoch den Bhord agus an raon leathan de chúlraí óna dtagann an bhallraíocht sin an fhorbairt de chomhaontú nuair is féidir, rud atá mar ionchur criticiúil don chóineart fadtéarmach atá riachtanach d'fhonn coigiltis scoir a spreagadh.

2006

Ba bhliain ghnóthach í 2006 don Bhord agus a fhreagrachtaí rialaitheacha le haghaidh scéimeanna gairme agus CCSP á dhéanamh aige. Tarlaíonn beagnach an obair seo go léir trí mheán cumarsáid díreach le scéimeanna pinsean, fostóirí agus soláthraithe, agus is rogha an díogha de ghnáth é an t-ionchúiseamh.

Thosaigh an t-athbhreithniú bunaidh dár tosaíochtaí feitheoireachta i 2006. Is í mo thuairim go bhfuil an t-athbhreithniú seo fíor thábhachtach. Caithfimid cinntiú go bhfuil cleachtais rialaitheacha an Bhoird suas chun dáta agus cinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí an Bhoird ar mhaithe na críocha is tábhachtaí agus is éifeachtaí. D'fhéadfadh an t-athbhreithniú seo gá a aithint le haghaidh tuilleadh acmhainní don Bhord chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go cuí, agus, má aithnítear é, lorgóidh an Bord an t-údarú riachtanach ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ón Roinn Airgeadais.

Is í aidhm an athbhreithnithe ná a chinntiú go bhfuil an Bord Pinsean in ann a chúram a chomhlíonadh sna feidhmeanna rialaitheacha agus beartais araon. Is í mo thuairim ná gur uair na faille é athbhreithniú feidhmíochta dá leithéid a bheith againn, agus táim ag tnúth lena toradh rathúil.

Ba bhliain an-gníomhach í 2006 don Bhord ina ról beartais. D'fhoilsíomar Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean in Eanáir agus cuireadh le seo ag an bhfoilsiú den tuarascáil do Choigiltis Speisialta Scoir i mí Lúil. Iad seo le chéile, is ionann an dá tuarascáil seo agus anailís chuimsitheach ar an gcóras pinsean reatha agus ar na hathruithe ábhartha, ag seasamh d'ionchur tábhachtach sa díospóireacht reatha faoi fhoráil pinsean na hÉireann.

Ullmhaíodh athbhreithniú na hiontaobhaíochta freisin i rith na bliana don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i nDeireadh Fómhair agus foilsíodh é i 2007. Mhol an tuarascáil seo leanúint an chórais iontaobhaíochta reatha, ach d'aimsigh sé roinnt feabhsuithe sainiúla a chóir a bheith déanta.

Leanadh an t-ullmhúchán de na tuarascálacha seo le hobair chuimsitheach ag Feidhmeannach an Bhoird ar an bPáipéar Glas ar Phinsin. Bhí an Bord sásta an tacaíocht seo do dhéantús an Pháipéir Ghlas ar Phinsin a thabhairt de dheasca ar iarratas ón Aire. Leanann an obair seo ar aghaidh i 2007.

Dhéileáil an Bord lena lán cúrsaí beartais eile. Ar leithligh, ghlac foireann an Bhoird faoin obair shuntasach d'athruithe chuig reachtaíocht na bpinsean a dhréachtú i gcóir Bille na bPinsean, 2007. Tá sé chun creidmheasa iad siúd atá bainteach go raibh an Bord in ann a chaighdeáin a chothabháil agus a ualach oibre beartais uafásach á láimhseáil aige.

Áiríonn obair eolais an Bhoird an teagmháil laethúil leis an bpobail, an foilseachán de threoir le haghaidh úsáideoirí pinsin agus, gan dabht, na gníomhaíochta bliantúla meabhraíochta pinsean, go háirithe an Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean. Cuirimid fáilte roimh an mheabhraíocht faoi phinsin atá fós ag ardú i measc an phobail, ach aithnímid go bhfuil foráil scoir in Éirinn fós faoin sprioc agus, níos tábhachtaí fós, faoi cad atá á shúil ag daoine.

2007

Is bliain shuntasach í 2007 do phinsin Éireannacha. Táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an bPáipéar Glas oirchill ar Phinsin i mbliana, le próiseas comhairlithe le leanúint. Ba chóir go dtabharfadh sé seo go léir díospóireacht chuimsitheach faoi na roghanna atá ar fáil d'Éire agus todhchaí an bheartais phinsean á chruthú aici chun cinn. Níl aon dabht agam go mbeidh ról iomlán le himirt ag an mBord Pinsean sa phróiseas sin.

Is ceist náisiúnta criticiúil í foráil na bpinsean cuí do thodhchaí mhuintir na hÉireann. Beidh tionchar suntasach ag pinsin, má sholáthraítear tríd an chóras Leasa Shóisialaigh nó trí phinsin forlíontacha iad, ar chaighdeán maireachtála sinn go léir. Tá sé oiriúnach mar sin gur chóir pinsin a bheith ina ceist chomh tábhachtach sin ar an gclár oibre náisiúnta. Is cinntí fadtéarmacha iad cinntí faoi phinsin, le tabhairt isteach fada sula n-éiríonn siad lán fheidhmitheach. Bhí cuid iomlán le himirt ag an mBord Pinsean agus eolas a thabhairt do agus cur le díospóireacht na bpinsean go dtí seo, agus táimid ag tnúth le leanúint ag glacadh páirte sa díospóireacht an-tábhachtach seo.

Tabharfar isteach pionóis ar an spota le haghaidh mion-chionta faoi Acht na bPinsean i 2007 freisin. Chuirfidh sé seo an Bord ar a chumas díriú ar i bhfad níos mó cionta ábhartha, le hionchúiseamh ag teacht go huathoibríoch dóibh siúd a theipeann orthu an cion a chúiteamh agus an pionós a íoc.

Conclúid

Ba bhliain ghnóthach í seo do bhaill an Bhoird, agus go háirithe dúinn siúd arbh í 2006 ár gcéad bhliain ar an mBord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil do gach ball den Bhord Pinsean as a gcuid oibre, tiomantas agus gealltanas i rith 2006 agus as an spiorad inar rinneadh obair an Bhoird.

Mar an cathaoirleach isteach i 2006, thóg mé saineolas agus gealltanas na foirne faoi deara, agus an méid go léir a dhéanann siad agus dualgais laethúla an Bhoird á chomhlíonadh acu. Bhain mé taitneamh as obair leo agus is mian liom buíochas a ghabháil leo as a gcuid tacaíochta.

Buíochas freisin do na feidhmeannaigh sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ranna Rialtais eile as a gcuid tacaíochta leanúnach. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil d'Aire Séamus Brennan T.D., as a tacaíocht don Bhord agus as a shuim in obair an Bhoird.

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ag tuairisciú ar dhul chun cinn agus spriocanna á bhaint amach

Is é seo an chéad tuarascáil riamh ar an dul chun cinn go dtí seo ar straitéis an Bhoird Pinsean don thréimhse 2006 – 2010. Imlíníonn sé cuspóirí agus treo foriomlán an Bhoird Pinsean don thréimhse seo. Is ionann formáid na tuarascála seo agus formáid an ráitis straitéisigh den Bhord, i dtreo is go léireodh sé feidhmíocht an Bhoird i gcoinne a chuspóirí.

Is cuid de phróiseas bainistíochta straitéiseach é ráiteas straitéiseach an Bhoird, atá dírithe ar sheirbhís níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh. Mar sin caithfidh dlúth cheangail a bheith ann idir ráiteas straitéiseach, pleanáil ghnó agus na córais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta de chuid an Bhoird agus snáithe eile den phróiseas athchóirithe. Déanfar an straitéis a athbhreithniú ar bhonn bhliantúil ag an mBord d'fhonn a chinntiú go bhfanann sé oiriúnach.

Cúlra don tuarascáil 2006

Forbhreathnú

Bhí coinníollacha airgeadais agus eacnamaíocha le haghaidh pinsin i 2006 maith go leor i gcoitinne. Lean na gnáth aischuir infheistíochta arda leis an aisghabháil ó na caillteanais infheistíochta a tharla i 2000-2003, agus bhain scéimeanna sochair sainmhínithe leas go háirithe as méadú i rátaí banna go pointe áirithe. Tá roinnt mhaith chúiseanna imní fós ann don Bhord, áfach.

Costas an tsochair sainmhínithe

Tá méadú suntasach tagtha ar an gcostas maoinithe de scéimeanna sochair sainmhínithe ó tugadh isteach Acht na bPinsean i 1990. Is toradh díreach é seo de mhéadaithe san ionchas saoil agus aischuir infheistíochta níos ísle. Tá méadú suntasach tagtha ar an gcostas de shochair sainmhínithe a sholáthar (nó aon sochair pinsean eile) le 17 mbliana anuas, agus ní dóchúil go mbeidh aon aschur buan ann do na rátaí ranníocaíochta ab ghnách go luath sna 1990í.

Lean a lán béime a bheith ar an staid mhaoinithe de scéimeanna sochair sainmhínithe i 2006. Cé gur tháinig feabhas ar an staid mhaoinithe foriomlán go ginearálta, is léir go raibh brú suntasach ar na scéimeanna seo. Tá ranníocaíochtaí méadaithe ag beagnach na scéimeanna go léir, in a lán cásanna ón bhfostóir agus ó na fostaithe araon, agus i roinnt cásanna eile tá laghduithe sna sochair a chuirtear ar fáil ag na scéimeanna.

Ónar taithí, tá iontaobhaithe agus fostaithe meabhrach faoi na ceisteanna go léir a bhaineann leis na leibhéil mhaoinithe dá scéimeanna ina n-áirítear tionchar na rátaí úis, dáileadh na sócmhainní agus an imoibriú idir rátaí maoinithe fadtéarmacha, an caighdeán maoinithe agus caighdeáin chuntasaíochta. Ónar taithí, tá na baill ag éirí níos meabhraí i gcónaí faoin gceist toisc go d'fhéadfadh sí cur isteach ar mhéaduithe pinsin, agus ar fhéidearthacht na luatha scor.

Is spreagúil é tabhairt faoi deara go bhfuil na heasnaimh sin íoctha ag roinnt mhaith scéimeanna a dtugadh moltaí maoinithe sínte dóibh agus anois go gcomhlíonann siad an caighdeán maoinithe nó a ghluais i dtreo moltaí maoinithe níos giorra. I láthair na huaire tá an Bord i mbun athbhreithnithe den chaighdeán maoinithe chun a chinntiú go bhfuil a ndualgais fós á chomhlíonadh go cuí aige i dtéarmaí riosca a mhaolú agus an t-ualach géilliúlachta á íoslaghdú ar scéimeanna acu. Spreagtar scéimeanna atá ag dul i ndeacracht dul i gcumarsáid leis an mBord go luath chun ligean dúinn oibriú le chéile d'fhonn teacht ar réiteach cuí i dtreo is go mbeimid in ann freastal ar riachtanais dóibh siúd go léir atá bainteach.

Ranníocaíocht sainmhínithe agus CCSP

Léiríonn staitisticí cláraithe an Bhoird go leanann méadú ag teacht ar líon na mball i scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe, agus bhí sé seo ag 255,008 ag deireadh 2006. Ar an dáta chéanna, bhí roinnt 95,045 CCSP ann. Tá tionchar chomh mór chéanna ag na ceisteanna d'fhadsaoil a mhéadú, aischur infheistíochta a ísliú agus riosca infheistíochta ar na taisceoirí seo agus mar atá ar bhaill na scéimeanna sochair sainmhínithe. Beidh éifeacht na gceisteanna seo ar an duine aonair amháin, áfach, agus ní bheidh a lán díobh seo meabhrach faoin éifeacht ar a gcoigiltis scoir go dtí go gairid lena h-am scoir.

Is léir ó na sonraí ó Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean agus ó fhoinsí eile nach leor é an gnáth ranníocaíocht don scéim ranníocaíochta sainmhínithe, CCSP, nó CBS d'fhonn caighdeán maireachtála an ranníocóra a chothabháil ina am scoir. Is cuid tábhachtach é meabhraíocht faoi thábhacht na leorgachta pinsin de ghníomhaíochtaí meabhraíochta de chuid an Bhoird. Ní féidir leis an mBord féin an cheist seo a réiteach, áfach agus caithfidh gach duine atá bainteach le pinsin díriú ar an gceist seo.

Riosca Infheistíochta

Ní fhreagracht an Bhoird í cinntí infheistíochta a dhéanamh le haghaidh scéimeanna pinsean nó do ranníocóirí pinsean. Tá imní ar an mBord áfach, faoi roinnt gnéithe d'infheistíocht phinsin.

Tá formhór na scéimeanna sochair sainmhínithe fós infheistithe go trom i gcothromais. Cé go raibh comhábhar ard an chothromais de scéimeanna ina phríomh chúis do na feabhsuithe déanacha sa staid mhaoinithe de na scéimeanna sin, tá seans ann go mbeadh tionchar suntasach ag droch-fheidhmíocht sna margaidh chothromais ar an leibhéal maoinithe de na scéimeanna sin. Ní léir i gcónaí don Bhord go bhfuil na hiontaobhaithe meabhrach faoi na rioscaí infheistíochta atá i mbun acu. Sa chuí seo iarann an Bord ar na hiontaobhaithe athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis infheistíochta de shíor.

Baineann na ceisteanna seo freisin leis na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe agus CCSP, nuair a mbeidh tionchar an riosca infheistíochta díreach sna sochair a íoctar don ranníocóir. Is í tuairim an Bhoird go bhfuil a lán ranníocóirí (agus a lán tráchtadh infheistíochta) ag díriú an iomad ar aschuir infheistíochta ábhartha gan a bheith ag díriú a dhóthain ar an riosca a thagann as. Caithfidh iontaobhaithe na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe a bheith meabhrach freisin faoi na ceisteanna agus, níos tábhachtaí fós, caithfidh siad a chinntiú go bhfuil na baill meabhrach faoi agus go tuigeann siad na rioscaí atá bainteach. Leanfaidh an Bord ag tabhairt lán tacaíochta do na hiontaobhaithe ina ról, maidir le ceisteanna infheistíochta, trí oiliúint agus treoir iontaobhaí san áireamh. Soláthraítear liosta tacaíochtaí iontaobhaí ag Aguisín V den tuarascáil bhliantúil seo.

Freagrachtaí na n-Iontaobhaithe

Baineann réimse imní eile leis an ullmhúchán de thuarascálacha bliantúla iontaobhaí. Chomh maith le bheith ina meán cumarsáide le haghaidh baill na scéime, is seiceáil thábhachtach é an t-ullmhúchán den tuarascáil bhliantúil iontaobhaí ar reáchtáil na scéime. Is féidir leis seo a bheith fíor go háirithe nuair atá cuntais iniúchta á chur i gcríoch toisc gur féidir leis an bpróiseas sin ceisteanna nó neamhréireanna a thabhairt chun cinn. Is léir le déanaí go bhfuil a lán tuarascálacha bliantúla iontaobhaí á ullmhú fós lasmuigh den thréimhse reachtúil de 9 mí ina dhiaidh deireadh na bliana scéime. Is tréimhse fhlaithiúil í an thréimhse 9 mí cheana agus ní féidir aon leithscéal maith a bheith ann as ullmhúchán déanach. Tarlaíonn sé i bhfad ró mhinic go tosaítear ar ullmhúchán na tuarascála ró ghairid in aice deireadh na tréimhse 9 mí.

Leibhéil ghéilliúlachta foriomlána

Cé go leanann na leibhéil ghéilliúlachta foriomlána ag feabhsú, tá roinnt réimsí áirithe atá mar chúis imní don Bhord. Bhain níos mó ná ceathrú de na himscrúduithe a chuireadh ar bun ag an mBord i 2006 leis an neamh-íocaíocht de ranníocaíochtaí ag fostóirí sa tionscal tógála do Scéim Pinsean Cónaidhme na n-Oibrithe Tógála (Scéim Pinsean na n-Oibrithe Tógála anois). Tá sé seo comhsheasmhach leis an ard leibhéal ghearáin faoin gceist seo a fhaigheann Ombudsman na bPinsean. Déanfar na gearáin go léir a himscrúdú agus, nuair atá a dhóthain fhianaise ann, cuirfear iad siúd a fhaightear a bheith á mbriseadh i ndán le himeachtaí dlí. I rith 2006, bhí cruinnithe rialta ag an mBord le hOmbudsman na bPinsean agus leis an nGníomhaireacht Monatóireachta an Tionscail Tógála d'fhonn cur chuige comhordanádaithe le haghaidh rialachán sa réimse seo a bhaint amach. Leanfaimid ag obair go dlúth leis na páirtithe seo agus leis na riarthóirí de Scéim Pinsean na n-Oibrithe Tógála chun feabhas a chur leis na caighdeáin ghéilliúlachta.

Cumhachtaí Nua

Ionchúisíodh roinnt iontaobhaithe as an ullmhúchán déanach de tuarascálacha bliantúla iontaobhaí i 2006. Dúirt roinnt díobh seo go raibh an tásc seo tiomnaithe do riarthóir na scéime agus gur milleán an riarthóra é go raibh an tuarascáil ullmhaithe déanach. Sna cásanna seo ní raibh an Chúirt sásta riamh gur thóg na hiontaobhaithe céimeanna cuí chun a chinntiú go gcuireadh an tuarascáil i gcríoch in am tráthúil agus gur d'fhan an fhreagracht dlíthiúil leis na hiontaobhaithe. É sin ráite, aithníonn an Bord an cheist agus mhol sé ina athbhreithniú iontaobhaíochta go bhfuil an Reachtaíocht ar riarthóirí scéime.

Is réimse é seo ar a mbeidh an Bord ag díriú i gcónaí d'fhonn a chinntiú go bhforbrófar caighdeáin agus úsáidfidh sé an córas nua de phionóis ar an spota freisin chun feabhas a thabhairt chun cinn.

Conclúid

Mar achoimre, mar sin, bunaithe ar ár dtaithí i 2006, táim sásta gur lean leibhéil ghéilliúlachta ag feabhsú i gcoitinne agus spreagfainn:

- do scéimeanna atá ag dul i dtreo deacrachta dul i dteagmháil leis an mBord go luath d'fhonn chomh-réiteach faidhbe a éascú; agus
- go ndéanfadh iontaobhaithe athbhreithniú ar chothromaíocht a bpunann infheistíochta chun riosca a imscrúdú agus a chinntiú go bhfuil siad lán meabhrach faoina ndualgais chun tuarascálacha bliantúla a ullmhú agus araile agus faoi chumhachtaí nua de chuid an Bhoird Pinsean ina n-áirítear an córas nua de phionóis ar an spota.

Bliain eile is mór tábhacht í 2007 i bhforbairt an chláir oibre den Bhord. Beidh críochnú a hionchur don Pháipéar Glas, leanúint ar Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean agus an t-athbhreithniú feidhmíochta san áireamh i bpríomh tosaíochtaí don Bhord.

Faoi dheireadh, tá sain-tuarascáil den obair a rinne an Bord leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo agus tá sé bunaithe ar theidil na gcuspóirí ginearálta den Bhord.



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

An Bord Pinsean: cé sinn féin

Is comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ina bhfuil cathaoirleach agus sé gnáth ball dhéag, mar a bhí ag 31 Nollaig 2006. Cé go gceaptar a bhall go léir ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, faoi fhorálacha Achtanna na bPinsean caithfidh ionadaithe de cheardchumainn, fostóirí, leasa tomhaltóirí, leasa pinsinéirí, an Rialtas, tionscal na bpinsean, baill iontaobhaithe agus grúpaí gairmiúla atá bainteach le socruithe pinsin a bheith sa Bhord.

Is é cúig bliana téarma oifige do bhaill an Bhoird. Líontar folúntais fhánacha go díreach ag an Aire, nó ar ainmniúchán ón comhlacht ainmniúcháin ábhartha, de réir mar is cuí. Fanann an duine a líonann an folúntas fánach sa phost go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana amháin.

Is iad baill an Bhoird faoi láthair ná:

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Marie Daly
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

Dervla Tomlin
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann

William Beausang
Ionadaí an Aire Airgeadais

John Dillane
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na dtomhaltóirí

Anne Vaughan
Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Kevin Brabazon
Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe

Mary O'Donnell
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Mary Wade
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn

Rosalind Briggs
Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn

Emer O'Flanagan
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Fergus Whelan
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann Náisiúnta

Rosheen Callendar
Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann Náisiúnta – ionadaí ar son leasa na n-iontaobhaithe

Michael O'Halloran
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa na bpinsinéirí

Tom Wright
Ainmnithe ag an gCoiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta - Éire

Julian Caplin
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Gerry Ryan
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsean na hÉireann

Tháinig an Bord le chéile 10 n-uaire i 2006.

Foireann an Bhoird Pinsean

Déantar an chinntíocht laethúil a thiomnú don fhoireann faoi fheitheoireacht ghníomhach an Bhoird. Tá foireann an Bhoird Pinsean mar a bhí ar 31 Nollaig 2006 liostaithe thíos.

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Brendan Kennedy	(ó 1 Nollaig 2006)
Anne Maher	(go dtí 30 Samhain 2006)

AN t-AONAD IMSRCÚDUITHE AGUS GÉILLIÚLACHTA

Jerry Moriarty
Gerard Clarke
Edel Stenson
Sherry Bass
Martin Buggy
Maureen Byrne

ATHBHREITHNIÚ FEIDHMÍOCHTA AN BHOIRD PINSEAN

Carol Jordan

AN t-AONAD CCSP

Philip Dalton
Mary Howe
Aideen Bugler
Mary Broderick
Barry O'Connor

AN t-AONAD EOLAIS AGUS OILIÚNA

Mary Hutch
Aongus Horgan
Ciarán Holahan
Deirdre Kelly
Julie Walsh
Valerie Christie
Kimberly Brown
Emily Kealey
Maura Moroney

FEACHTAS NÁISIÚNTA FEASACHTA PINSEAN

David Malone

AN t-AONAD SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA AGUS TAIGHDE

Yvonne White	
Sylvia McNeece	Comhairleoir Dlí
Brendan Kennedy	Comhairleoir Achtúireach (go dtí 30 Samhain 2006)
Cheryl Richardson	
Andrew Nugent	
Renée O'Reilly	
Mary Conlon	

AONAD NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tom Dunphy	Rúnaí don Bhord
Gregory Whelan	
John McCarthy	Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Vivienne Horkan	Acmhainní Daonna
Kieran O'Dea	Airgeadais
Gwen Conlon	Seirbhísí TFC
Nuala Clancy	
Christina Winters	Airgeadas
Julie McCarthy	
Marie Earley	
Bronagh Croghan	

B'ionann líon formheasta na foirne ag deireadh 2006 agus 39.5 poist lánaimseartha agus 1 post páirtaimseartha.

Pensions Board Senior Management

Pensions Board Staff

Ag tuairisciú ar dhul chun cinn ár gcuspóirí straitéiseacha: treoir ar leagan na súl

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
Ráiteas Misin 1 – Slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí do Chuntais Coigiltis Scoir Pearsanta a chur chun cinn, de réir Achtanna na bPinsean.		
(a) Aon athruithe reachtúla a mholadh a fheabhsódh éifeachtacht na rialála pinsean agus/nó na feitheoireachta a bhfuil na tionchair dóchúla ríofa aige i gcomhthéacs na hAnailíse ar Thionchair Rialaitheach.	Moladh go dtabharfar isteach pionóis 'ar an spota' chun sórt réiteach nua a thabhairt isteach le haghaidh briseadh sainiúla d'Achtanna na bPinsean. Tugadh isteach pionóis 'ar an spota' trí mheán an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2006 agus CBS atá iontaobhas bhunaithe san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007.	Reachtaíocht
(b) Feitheoireacht phinsean leanúnach tráthúil agus éifeachtach a chothabháil.	I rith 2006, úsáideadh uirlis éagsúla, m.sh. iniúchadh, a bhí ar fáil don Bhord d'fhonn feitheoireacht éifeachtach de na scéimeanna pinsean gairme agus CCSP a chinntiú.	Rialáil / Géilliúlacht
(c) Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na bprionsabail den Rialtas um Rialáil Níos Fearr maidir le rialachán pinsin atá ann cheana agus rialachán nua agus aon athruithe a dhéanamh.	Leanann an Bord ag forbairt a chóras rialála i modh comhsheasmhach leis na prionsabail um Rialáil Níos Fearr. Rinneadh Anailís ar Thionchair Rialaitheach maidir leis an rialachán de CBS atá iontaobhas bhunaithe.	Reachtaíocht
(d) Athbhreithniú agus aon athruithe cuí a dhéanamh do na próisis Fheitheoireachta Pinsean laistigh den Bhord chun a chinntiú gur úsáid éifeachtach agus feidhmiúil d'acmhainní í.	Rinneadh athbhreithniú ar an gcóras feitheoireachta ag an mBord agus moladh an tabhairt isteach de phionóis 'ar an spota' agus glacadh faoi obair i 2006 d'fhonn úsáid éifeachtach agus feidhmiúil na n-acmhainní a chinntiú. Gabhadh faoi athbhreithniú de ról feitheoireachta an Bhoird i 2006 mar aon leis an athbhreithniú iontaobhaí.	Rialáil / Géilliúlacht, Reachtaíocht, Beartas

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
(e) Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas ionchúisimh agus pionóis den Bhord agus aon athruithe cuí a dhéanamh chun an leibhéal géilliúlachta is mó a chinntiú gan an iomad costais a tabhú.	Ullmhaíodh an chéad dréacht de reachtaíocht phríomha, a iarann an córas 'pionóis ar an spota' a thabhairt isteach agus a chuireann sonraí na gcionta achoimre sainiúla a bheidh san áireamh ar fáil . Ina dhiaidh an tabhairt isteach de na pionóis ar an spota, tá athbhreithniú den bheartas ionchúisimh faoi bhun agus meastar go mbeidh deireadh leis i 2007.	Reachtaíocht, Rialáil / Géilliúlacht
(f) Athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán infheistíochta agus ar fheitheoireacht agus aon athruithe reachtúla cuí a mholadh chun a chinntiú go tugann an infheistíocht tacaíocht do chuspóirí an mhaoinithe pinsean.	Táthar ag súil go ndéanfar roinnt athruithe i 2007 do na Rialacháin Infheistíochta d'fhonn a chinntiú go mbeidh na prionsabail infheistíochta chuí i bhfeidhm ar bhonn aonair mar aon le ar bhonn scéime.	Reachtaíocht
(g) Feitheoireacht grúpa ar Chonarthaí Blianachta Scoir a chur i bhfeidhm.	Rinneadh próiseas comhairlithe ar Chonarthaí Blianachta Scoir atá Iontaobhas Bunaithe i rith 2006. Ullmhaíodh an chéad dréacht de reachtaíocht phríomha a chuireann sonraí faoi fhorálacha d'Achtanna na bPinsean ar fáil a bhaineann le CBS móra agus beaga atá iontaobhas bunaithe.	Reachtaíocht
(h) Deireadh a chur le cinntí beartais a thagann chun cinn ó Threoir AE na bPinsean agus cur le moltaí le haghaidh Treoracha AE eile agus tionscnaimh atá bainteach le pinsin.	Beartaíodh ar chinneadh don Bhord chun feitheoireacht a dhéanamh ar CBS atá iontaobhas bunaithe toisc go dtagann siad laistigh de tharchuir na Treorach IORP. Rinneadh ionadaithe don CEIOPS maidir leis an 'Treoir Iniompartha' agus cuireadh deireadh le ceistneoirí faoi ghnéithe pinsean a thagann chun cinn ón Treoir IORP.	Reachtaíocht Caidrimh sheachtracha
(i) Cur le fóraim fheitheoireachta an AE (CEIOPS faoi láthair agus a pháirtithe feidhmíochta) le haghaidh malartú eolais agus comhoibriú i measc rialtóirí/feitheoirí pinsean AE chun comhchruinniú na feitheoireachta agus na forbartha pinsean de sár-chleachtais a chruthú.	Cuireadh roinnt mhaith ceistneoirí CEIOPS i gcríoch i rith 2006 faoi ghnéithe ábhartha de Phinsin i gcomhréir leis an Treoir IORP. Rinneadh ionadú don Bhord ag na cruinnithe cuí de CEIOPS, OECD agus OPC i rith 2006.	Caidrimh sheachtracha

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
(j) Próisis oiriúnacha a chur i bhfeidhm le haghaidh feidhmiú an ghnó phinsean trasteorainn.	Eisíodh treoirlínte, foirmeacha iarratais agus údaraithe le haghaidh gnó trasteorainn a dhéanamh, trí mheán suíomh idirlín an Bhoird Pinsean i 2006.	Rialáil / Géilliúlacht
(k) Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán maoinithe reachtúil chun a chinntiú go bhfuil cothromaíocht réasúnta ann idir éascú na bhfostóirí chun scéimeanna sochair sainmhínithe a chothabháil agus leasa a mball a chosaint.	Gabhadh faoi tuilleadh oibre ar an athbhreithniú den chaighdeán maoinithe i rith 2006. Tá an tionscadal seo ag ardchéim agus meastar go mbeidh deireadh leis faoin chéad leath de 2007.	Beartas
(l) Ról an Bhoird Pinsean sa chóras monatóireachta le haghaidh obair achtúireach na bpinsean a chur i bhfeidhm.	Ullmhaíodh an chéad dréacht de reachtaíocht phríomha chun ligean d'eolas agus cáipéisí na scéime a bheith bailithe go díreach ó achtúire na scéime. Tá reachtaíocht le bheith curtha i bhfeidhm chun an tsóirt eolais a d'fhéadfadh a bheith faighte a fhorordú.	Beartas
(m) Dul i dteagmháil leis an Rialtóir Airgeadais leis an aidhm de bhearnaí nó scaireanna a sheachaint agus an comhoibriú cuí a chinntiú.	Tionóladh cruinnithe i rith 2006 leis an Rialtóir Airgeadais chun ceisteanna ábhartha a bhaineann le pinsin a phlé. Leanfaidh sé seo ar bhonn leanúnach.	Caidrimh sheachtracha
(n) Comhairle a thabhairt faoi aon athruithe reachtúla atá ag teastáil maidir le haon scéimeanna pinsean a d'fhéadfadh a bhaint ón liosta i Sceideal C de Rialacháin na Scéimeanna Pinsean Gairme (Caighdeán Maoinithe) 1993 agus aon athruithe dá leithéid a chur i bhfeidhm.	D'imlínigh an Bord a staid maidir le scéimeanna de chuid Sceideal C don Roinn Airgeadais maidir le ról reachtúil an Bhoird faoi Chuid IV d'Achtanna na bPinsean. Lean cumarsáid leanúnach leis an Roinn i rith 2006 chun a chinntiú go gcuirtear deifir leis an gceist seo.	Caidrimh sheachtracha
(o) Scrúdú a dhéanamh ar chumhachtaí forfheidhmithe an Bhoird Pinsean in Achtanna na bPinsean agus aon athruithe a dhéanfadh iad seo níos éifeachtaí a mholadh.	Rinneadh athbhreithniú ar chumhachtaí forfheidhmithe i rith 2006 agus moladh go dtabharfar isteach pionóis ar an spota mar chóras níos éifeachtaí le haghaidh briseadh sainiúla d'Achtanna na bPinsean.	Reachtaíocht
(p) An reachtaíocht atá ann a mhaoirsiú agus a choimeád faoi athbhreithniú chun a chinntiú go leanann sé a bheith éifeachtach.	Ullmhaíodh an chéad dréacht den reachtaíocht príomha d'fhonn athruithe aitheanta a chur san áireamh chun a chinntiú go leanann an reachtaíocht a bheith éifeachtach. Déanfar an próiseas seo a mhaoirsiú ar bhonn leanúnach.	Reachtaíocht

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
(q) Páirt ghníomhach a ghlacadh san ullmhúchán d'aon athruithe reachtúla agus Rialacháin riachtanacha.	Aithníodh ceisteanna maidir le nochtadh, pionóis ar an spota, CBS atá iontaobhas bunaithe i rith 2006 agus cuirfear i bhfeidhm iad trí mheán na Reachtaíochta i rith 2007.	Rialáil / géilliúlacht
Ráiteas Misin 2 – An fhorbairt de struchtúir pinsean náisiúnta éifeachtacha a chur chun cinn		
(a) Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chinntí le bheith tógtha ag leibhéal náisiúnta mar fhreagra ar Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean.	Ag trácht d'Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean, chuir an comhaontú Comhpháirtíochta *I dTreo 2016* tagairtí faoin athbhreithniú san áireamh. I rith 2006, rinneadh ionadú don Bhord Pinsean ag cruinnithe rialta den Ghrúpa Athbhreithnithe Comhpháirtíochta ina raibh air eolas cúlra a sholáthar faoi cheisteanna áirithe ar nós coistí cosanta pinsean agus cúnamh sa phróiseas comhairleach de na margaidh bhlianachta.	Beartas
	Ullmhaíodh treoir dréachta faoi dearaí scéime pinsean chroschineálacha agus cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh é le bheith áirithe mar chuid den phróiseas leanúnach seo.	Beartas
(b) Scrúdú a dhéanamh ar réimsí a aithnítear in Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean le haghaidh tuilleadh breathnaithe agus díospóireachta agus aon ghníomh eile a ghlacadh orthu siúd a mheasann an Bord a bheith oiriúnach agus forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta á thabhairt faoi deara aige freisin.	Rinneadh athbhreithniú ar na réimsí aitheanta agus tarraingíodh clár oibre suas le haghaidh 2007.	Reachtaíocht
(c) Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi na prionsabail d'aon chóras nó aon leath-chóras pinsean sainordaitheach agus córas oiriúnach a mholadh d'Éire.	Cuireadh tuarascáil dár teideal Coigiltis Speisialta Scoir faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar 5 Iúil 2006.	Beartas
(d) Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid an struchtúir Iontaobhais mar an chóras rialála is éifeachtaí le haghaidh scéimeanna pinsean.	Cuireadh tuarascáil dár teideal Athbhreithniú Iontaobhaíochta faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i mí na Samhna 2006.	Beartas
(e) Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh agus forbairtí AE, OECD agus i dtionscnaimh agus i bhforbairtí idirnáisiúnta eile um bheartas pinsean ar mhaithe na struchtúir phinsean náisiúnta na hÉireann is fearr.	I rith 2006 ghlac an Bord Pinsean páirt ghníomhach trí mheán freastal ar chruinnithe ábhartha agus an fhoráil de chur i láthair le haghaidh cruinnithe áirithe.	Caidrimh sheachtracha

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
(f) Cur le ceisteanna dlí teaghlaigh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a bhfuil tionchar acu ar phinsin.	Chuaigh an Bord i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi cheisteanna pinsean ábhartha.	Caidrimh sheachtracha
(g) Cur leis an Roinn Airgeadais agus Ioncaim faoi aon cheisteanna cánach a bhfuil tionchar acu ar phinsin.	Tionóladh cruinnithe rialta i rith 2006 chun réimsí imní a aithint.	Caidrimh sheachtracha
(h) Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna pinsin i 2008.	Dul i dteagmháil leis an CSO maidir leis na suirbhéanna ráithiúla náisiúnta teaghlaigh, AE SILC agus an Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta (NES).	Beartas
	Rinneadh taiscéal ar fhoinsí sonraí riarthacha leis an Ioncam.	Caidrimh sheachtracha
Ráiteas Misin 3 – Leibhéal páirteachais sa chóras pinsin náisiúnta a chur chun cinn a chuireann gach saoránach ar a gcumas ioncam scoir chuí a fháil.		
(a) Eolas a chur ar fáil do gheallshealbhóirí pinsean trí fhoilseacháin, an suíomh idirlín, agus tríd an seirbhís fhiosrúcháin.	Lean an Bord ag cur eolas faoi phinsin ar fáil saor in aisce i bhfoirm éagsúla mar shampla leabhráin, treoir, ráitis nuachta, srl. Tá siad seo ar fáil ar shuíomh idirlín an Bhoird ag www.pensionsboard.ie.	Eolas
(b) Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean urraithe ag an Rialtas a eagrú.	Lean an Bord lena ghealltanas chun Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a reáchtáil ar son an Rialtais i 2006. Ba é an príomh théama ná 'gníomh agus leorgacht'. Bhí príomh thréimhse na gníomhaíochta dian ar súil i rith 'Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean' ar 1-7 Bealtaine agus spriocdháta an chomhdaithe cánach i nDeireadh Fómhair.	Eolas
Ráiteas Misin 4 – Eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe ábhartha i dtacaíocht le slándáil, struchtúir agus páirteachas pinsean.		
(a) Socrú a dhéanamh d'iompar suirbhéanna rialta faoi chlúdach pinsean in Éirinn.	Socraíodh leis an CSO suirbhéanna módúil phinsean a reáchtáil i 2006 agus i 2007 mar chuid den Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh. Eisíodh eolas nua i Ráithe IV 2006.	Beartas
	D'aontaigh an CSO ar mhodúl iomlán NES faoi phinsin i 2008.	
(b) Réimsí taighde pinsean agus eolas staitistiúil atá riachtanach a aithint agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe leo seo.	D'fhreastal an Bord ar chruinnithe an tSuirbhé Náisiúnta Fostaíochta agus d'aontaigh sé go mbeidh modúl pinsean iomlán tiomnaithe do phinsin i 2008.	Beartas
	I mbun teagmhála leis an CSO ar bhonn leanúnach chun roinnt eolais a chóimheas de réir mar atá leagtha amach ag Rialachán na Comhairle a bhaineann le staitisticí gnó struchtúrtha.	Caidrimh sheachtracha

Cuspóirí	Dul Chun Cinn 2006	Caibidil Tagartha
(c) Eolas a chur ar fáil d'eagraíochtaí náisiúnta nó eagraíochtaí coigríche a bhfuil suim acu i struchtúr pinsean na hÉireann.	Cuireadh eolas maidir le pinsin ar fáil d'eagraíochtaí nuair a iarradh air agus nuair a raibh an t-eolas ar fáil.	Caidrimh sheachtracha
(d) Tacaíocht a thabhairt don chuspóir náisiúnta chun Éire a chur chun cinn mar ionad le haghaidh pinsin pan-Eorpacha agus trasteorainn. Páirt a ghlacadh ar an tascfhórsa pan-Eorpach.	D'fhreastal sé ar an tascfhórsa Pan-Eorpach. I rith 2006, fuair an Bord iarratais ar údarú agus formheas trasteorainn chun ranníocaíochtaí a ghlacadh ó ghabháltas urraíochta i mBallstáit eile ó na hiontaobhaithe de na 21 scéimeanna Éireannacha. De réir mar a bhí ag Aibreán 2007, ceadaíodh 19 de na hiarratais agus bhí an 2 cheann eile fós á mheas.	Rialáil / géilliúlacht

Rialáil/géilliúlacht

Clár na Scéime Pinsean Gairme de chuid an Bhoird Pinsean

Réamhrá

Tá sé de dhualgas ag na hiontaobhaithe faoi Alt 60 d'Achtanna agus Rialacháin na bPinsean (I.R. Uimh 325 de 1991) sonraí cláraithe de scéimeanna nua agus aon athruithe do na scéimeanna cláraithe atá ann cheana a chur ar fáil don Bhord laistigh de bhliain ó tharla an imeacht.

Scéimeanna Sochair Sainmhínithe

Laghdaigh líon fhoriomlán na scéimeanna sochair sainmhínithe gníomhacha atá cláraithe leis an mBord i rith 2006 ó 1,478 go dtí 1,411. Mhéadaigh líon na mball ar na scéimeanna seo áfach, faoi 42,477 go dtí 542,362. Is é an méadú sa bhallraíocht i scéim sochair sainmhínithe áirithe is cúis leis an méadú seo. Tháinig an méadú seo go dtí 34,554 ball breise.

Scéimeanna Ranníocaíochta Sainmhínithe

Mhéadaigh líon na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe atá cláraithe leis an mBord faoi 9,234, go dtí 92,075. Is ionann ballraíocht iomlán na scéimeanna seo ag deireadh 2006 agus 255,008.

Tá cairteacha agus graif a léiríonn an clár ar fáil in Aguisín I.

Earraí CCSP

Tugadh formheas do dhá earraí bhreise i rith na bliana; CCSP Caighdeánach amháin agus CCSP neamh-Chaighdeánach amháin. Leis seo is ionann líon iomlán na n-earraí sa mhargadh agus 60, ina bhfuil 25 cheann Caighdeánacha agus 35 neamh-Chaighdeánacha le trí iarratas earraí bhreise ar lámh ag deireadh na bliana.

Ba é 95,045 líon na gconarthaí CCSP a bhí i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2006 agus b'ionann luach na sócmhainní a bhí á bhainistiú agus €835.3 milliún. Tá luach na sócmhainní méadaithe faoi 84.9% i rith na bliana.

Ceapadh na n-iontaobhaithe ag an mBord

Tá an chumhacht ag an mBord faoi Alt 64 den Acht iontaobhaithe a cheapadh do scéimeanna nach bhfuil aon iontaobhaithe ann cheana. Cuireadh an chumacht seo i bhfeidhm ar chás amháin i rith 2006.

Stiúradh na n-Imscrúduithe

Ginearálta

Cuirtear tús le himscrúduithe an Bhoird ina dhiaidh fiosrúcháin nó gearáin ó bhaill, iontaobhaithe, ceardchumainn na scéime, trí tuairisciú riachtanach nó deonach. Is cúis iad iniúchtaí fánacha a ndéanann an Bord Pinsean ar scéimeanna pinsean gairme

agus Cuntais Coigiltis Scoir Pearsanta d'imscrúduithe freisin. Is é príomh cuspóir an Bhoird in aon imscrúdú ná leasa na mball scéime a chosaint.

Gníomhaíocht na Scéime Pinsean Gairme 2006

Chuir an Bord tús le 40 imscrúduithe ar cheisteanna a bhain le scéimeanna pinsean gairme i rith 2006 agus cuireadh deireadh le 41 imscrúduithe i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 74 imscrúduithe oscailte i gcomparáid le 75 ag deireadh 2005 (tugann tábla 7 in Aguisín I achoimre ar shonraí na n-imscrúduithe le haghaidh 2006). Ba cheart é a thabhairt faoi deara, áfach, nach bhfuil níos mó ná leath na gcásanna imscrúdaithe a bhí fós ar oscailt ag deireadh na bliana faoi imscrúdú gníomhach fós. Réitíodh nó ceartaíodh an phríomh cheist sna cásanna seo, ach tá an comhad fós ar oscailt d'fhonn feitheoireacht a dhéanamh ar dhúnadh cúrsaí áirithe atá fós le ceartú mar shampla, críochnú i bhfoirceannadh na scéime nó críochnú an iarratais ar ranníocaíochtaí atá fós gan íoc i gcoinne an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Bhain 17 cás le ranníocaíochtaí a bhí fós le híoc agus, i ngach cás, íocadh an riaráiste, a chuaigh i méid ó €2,000 go dtí €102,000, ag an bhfostóir, nó fuarthas ar ais iad trí iarratas i gcoinne an Chiste Árachais Shóisialaigh ina dhiaidh idirghabháil an Bhoird. I 3 cás eile cúbláladh airgead toisc lochtanna riaracháin éagsúla ar nós an asbhaint earráideach de tháillí, an dáileadh mícheart de ranníocaíochtaí agus earráid sa phraghsáil aonaid de chistí as a dtáinig táillí iomarcacha um bhainistiú ciste mar thoradh. Arís, sna 3 cás réitíodh na ceisteanna agus aisíocadh an t-airgead gan caillteanas a bheith ag na baill. Ina theannta sin, tá an Bord sásta go bhfuil próisis agus nósanna imeachta oiriúnacha curtha i bhfeidhm ag na riarthóirí úd chun a chinntiú nach tarlóidh ceisteanna cosúla arís. Tuairiscíodh cás eile mar neamh-sheoltán de cheisteanna ranníocaíochta ach agus é á imscrúdú fuarthas amach gur ceist a bhí bainteach le caidreamh tionsclaíocha i leith rochtain ar an scéim a bhí i gceist, scéim a bhí lasmuigh de tharchur an Bhoird.

Cuireann Alt 18 d'Achtanna na bPinsean cumhachtaí imscrúdaithe sainiúla ar fáil don Bhord agus cuireann sé pionóis sainiúla ar fáil le haghaidh aon chás a theipeann air comhoibriú le himscrúduithe an Bhoird. Nuair a bhraitear go bhfuil úsáid de na cumhachtaí sainiúla riachtanach chun imscrúdú a éascú tá imscrúdú Alt 18 údaraithe. Údaraíodh dhá imscrúdaithe dá leithéid i rith na bliana.

Gníomhaíocht CCSP 2006

Leanadh leis an bhfreachnamh mór chun monatóireacht a dhéanamh ar dhualgais sainordaitheacha an fhostóra le haghaidh rochtain CCSP, a thosaigh i 2004, isteach i 2006. Rinneadh é seo trí mheán ceisteanna a chur ar 64,000 fostóir cláraithe roghnaithe chun leibhéil ghéilliúlachta a dhéanamh amach. Chuir an Bord tuarascáil achoimre amach agus léiríonn na torthaí ard leibhéal géilliúlachta ag fostóirí lena gcuid dualgais. Tá timpeall 9% d'fhostóirí cláraithe fós ann áfach, ar theip orthu a staid géilliúlachta a chur in iúl don Bhord. Is ceist tosaíochta fós iad na fostóirí seo le haghaidh an Bhoird.

Leanann an Bord ag déanamh monatóireachta ar dhualgais an fhostóra trí mheán tuarascálacha na Cigireachta Leasa Shóisialta agus tuarascálacha brathadóra ó dhaoine aonair. I 2006 rinneadh 1,877 fiosrúchán CCSP ag Cigirí Leasa Shóisialta. Sa bhliain sin fuair an Bord 500 tuarascáil na Cigireachta agus 12 tuarascáil brathadóra. Rinneadh 354 iniúchadh ar fhostóirí chun a ngéilliúlacht a dhéanamh amach agus, as an líon seo, chuir an Bord tuilleadh imscrúdaithe ar 84 cás, 5 díobh sin a bhí maidir le tarchuir na ranníocaíochtaí go cuntais CCSP. As an 12 tuarascáil brathadóra a fuarthas cuireadh críoch sásúil le 8 cás faoi dheireadh na bliana.

An Caighdeán Maoinithe a Mhaoirsiú

Ginearálta

Sainíonn Achtanna na bPinsean go gcaithfidh scéimeanna sochair sainmhínithe (gan iad siúd a bhfuil díolúine acu ó na Rialacháin mar scéimeanna na hearnála poiblí) teastas maoinithe achtúireach a chuir faoi bhráid an Bhoird gach 3 bhliain. Deimhníonn achtúire na scéime dá mba rud é, go raibh foirceannadh na scéime déanta faoin dáta éifeachtach den teastas, an leor a shócmhainní chun a fhiachais a chomhlíonadh. Mura raibh, caithfear moladh maoinithe atá deartha chun an caighdeán maoinithe a chomhlíonadh a chur isteach roimh an dáta éifeachtach den chéad teastas maoinithe achtúireach eile. Ní mór teastas a chur isteach don Bhord Pinsean roimh 9 mí tar éis a dáta éifeachtach.

Ina theannta sin, caithfidh ráiteas ón achtúire a bheith sna tuarascálacha bliantúla iontaobhaí ag léiriú an sásódh an scéim an caighdeán maoinithe nó nach sásódh sé é ar an lá deireanach den thréimhse tuairiscithe. Más diúltach é an ráiteas, ní mór don scéim teastas maoinithe achtúireach a chur isteach don Bhord laistigh de 12 mí de dheireadh na tréimhse tuairiscithe, agus ní mór don scéim moladh maoinithe a ullmhú.

Gníomhaíocht 2006

Fuair an Bord teastais mhaoinithe achtúireach i leith 502 scéim i 2006. Léirigh 349 (70%) díobh gur shásaigh na scéimeanna atá i gceist an caighdeán maoinithe. Theip ar 153 scéim (30%) an caighdeán maoinithe a shásamh. Is feabhsú suntasach é seo ar fhigiúirí 2005 a léirigh nár shásaigh ach 57% de na scéimeanna a chuir teastais isteach an bhliain sin an caighdeán maoinithe. Léiríonn Graf 1 in Aguisín I an athghabháil a tharla ó 2003 nuair a bhí an dian-tionchar den droch fheidhmíocht de na margaidh infheistíochta thar an 3 bhliain roimhe le feiceáil.

As an 153 scéim a theip orthu an caighdeán maoinithe a bhaint amach i 2006, chuir 122 díobh seo moltaí maoinithe isteach, as a raibh tréimhse níos faide ná 3 bhliain formheasta ag 77 díobh. Bhí 31 moladh ar feitheamh ag deireadh na bliana agus bhí an Bord i gcomhfhreagras leis na hiontaobhaithe de na scéimeanna seo chun a chinntiú go gcuireadh na moltaí isteach nó, nuair is cuí, go gcuireadh fíorú d'fhoirceannadh na scéime ar fáil.

Léiríonn Táblaí 8, 9 agus 10 in Aguisín I an staid ag deireadh na bliana maidir le géilliúlacht na scéimeanna sochair sainmhínithe leis an gcaighdeán maoinithe. Léiríonn Tábla 8 staid fhoriomlán na scéimeanna sochair sainmhínithe a bhí faoi réir an chaighdeáin mhaoinithe ag deireadh na bliana bunaithe ar an staid mhaoinithe de réir an teastais mhaoinithe is déanaí a fuarthas, briste síos de réir catagóire na scéime agus líon na mball. Léiríonn Tábla 9 agus 10 staid na scéimeanna ar thug teastas maoinithe isteach don Bhord i rith 2006 agus scéimeanna nár shásaigh an caighdeán maoinithe.

Iarratais don Bhord faoi Alt 49(3)

Faoi Alt 49(3) d'Achtanna na bPinsean, is féidir leis an mBord dáta níos déanaí a shocrú faoina gcaithfidh scéim an Caighdeán Maoinithe a bhaint amach nuair atá moladh maoinithe á chur i bhfeidhm. Ligeann sé seo do na scéimeanna moltaí maoinithe a ullmhú atá deartha chun an caighdeán a chomhlíonadh thar thréimhse níos faide ná 3 bhliain.

As an 220 iarratas a rinneadh don Bhord faoi Alt 49(3) go dtí seo, níor ndearnadh ach 12 díobh i 2006. Téann sé seo i gcomparáid le 47 iarratas dá leithéid i 2005 agus 135 iarratas i 2004. I 2006, bhí roinnt mhaith ath-iarratais ann áfach, ina raibh dáta níos déanaí socraithe ach gur imigh an moladh ón gcúrsa. I bhformhór na gcásanna seo mhéadaigh an fostóir a ranníocaíochtaí agus cuireadh moladh nua isteach ach i gcásanna áirithe tugadh isteach laghduithe sochair agus/nó ranníocaíochtaí na mball méadaithe i dtreo is go mbeadh siad in ann moladh nua a chur i bhfeidhm.

De réir mar a bhí ag Aibreán 2007, ceadaíodh 9 as an 12 iarratas a fuarthas i 2006 agus tá 3 faoi mheasúnú i láthair na huaire sula socraítear ar chinneadh.

Staid Foriomlán na n-iarratas don Bhord faoi Alt 49(3)

De réir mar a bhí ag 31 Nollaig 2006, b'ionann líon iomlán na n-iarratas faoi Alt 49(3) a rinneadh agus 220, as a gceadaíodh 200 díobh, ag am scríofa na tuarascála seo.

Diúltaíodh 16 iarratas ar an iomlán. Rinne na hiontaobhaithe ath-iarratas i 11 cás áfach, agus ceadaíodh dáta níos déanaí díobh ina dhiaidh sin. Tá an Bord i gcomhfhreagras leis na hiontaobhaithe de chuid na scéimeanna atá fágtha fós chun a chinntiú go gcuirtear moltaí inghlactha isteach.

Bhí 22 scéimeanna san áireamh i gclaonadh dearfach i rith 2006 ina raibh dáta níos déanaí sainithe ina leith, nach lean lena moladh ina dhiaidh sin toisc:

- gur shásaigh 9 an caighdeán maoinithe;
- chuaigh 3 go moladh 3 bhliain;
- rinne 4 instealladh caipitil chun sócmhainneacht a athghabháil agus ansin tharla foirceannadh na scéime;
- D'fhoirceann 5 an scéim agus d'aistríodar í go dtí scéim eile ina raibh moladh maoinithe Ailt 49(3) nó -moladh maoinithe eile i bhfeidhm; agus
- d'fhoirceann 1 an scéim agus d'aistrigh sé í go dtí scéim sócmhainneach.

Dá réir sin, níl ach 178 de na scéimeanna ar a uchtaíodh na moltaí níos fadtéarmaí fós á leanúint ar an mbonn níos fadtéarmaí seo. Déanann na scéimeanna seo ionadú ar beagnach 32,500 baill ghníomhacha.

Scéimeanna Trasteorann

Iarann Alt 20 den Treoir AE faoi ghníomhaíochtaí agus feitheoireacht na n-institiúidí le haghaidh scéimeanna pinsean

gairme (Treoir IORP) ar scéimeanna a bhfuil bainteach i ngníomhaíochtaí trasteorann réamh-údarú agus réamh-formheas a fháil. Ní mór d'aon scéim phinsin atá bunaithe in Éirinn iarratas ar údarú a chur faoi bhráid an Bhoird Pinsean sula glacann sé le ranníocaíochtaí ó ghabháltas urraíochta i mBallstáit eile.

Gníomhaíocht 2006 ar Scéimeanna Trasteorann

Ba í 2006 an chéad bhliain den údarú trasteorann faoin Treoir IORP. I rith 2006, fuair an Bord 21 iarratas ar údarú agus formheas trasteorann d'fhonn ranníocaíochtaí a ghlacadh ó na hiontaobhaithe de scéimeanna Éireannacha. De réir mar a bhí ag Aibreán 2007, bhí 19 de na hiarratas ceadaithe agus bhí an 2 iarratas eile fós á mheas. Bhain gach ceann de na hiarratas a ceadaíodh seachas iarratas amháin le ghníomhaíochtaí trasteorann leis an RA, agus an Bheilg, t-aon Ballstáit eile a bhí bainteach.

Cuireadh an Bord in iúl ag Rialtóir na bPinsean sa Ríocht Aontaithe faoi 13 scéimeanna RA ina bhfuil baill Éireannacha acu ar a dtugadh údarú agus formheas díobh páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht trasteorann. Ní fuair an Bord, de réir mar a bhí ag Aibreán 2007, fógra de ghníomhaíocht dá leithéid ó aon Bhallstáit eile.

Géilliúlacht le Nochtadh a Mhaoirsiú

Straitéis um Ghéilliúlacht le Nochtadh

Déanann an Bord iniúchadh ar ghéilliúlacht na scéimeanna leis na riachtanais nochta d'Achtanna na bPinsean trí iarraidh ar scéimeanna roghnaithe roinnt cáipéisí a chaithfear a sholáthair, nó a chur ar fáil do na baill, a sheoladh chuig an Bord. Cuireann an Bord na cáipéisí a fuarthas i gcomparáid leis na sain riachtanais den reachtaíocht d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé géilliúil. Rinneadh iniúchadh ar iomlán de 265 scéimeanna i rith 2006. Tá torthaí an doiciméadaithe a scrúdaíodh leagtha amach i dTábla 11 in Aguisín I.

Cuireadh fáilte roimh an méadú i leibhéal na géilliúlachta iomlán le ráitis sochair na mball. Tháinig feabhas ar seo ó 31% i 2004 go dtí 71% i 2006 ina dhiaidh tuilleadh béime ón mBord ar mhonatóireacht an táirgthe agus an chomhábhair de ráitis dá leithéid.

Is cúis díomá é áfach, gur d'fhan leibhéil ghéilliúlachta ar fud na catagóirí doiciméadaithe eile i gcomhréir den chuid is mó, nó beagáinín níos ísle fiú, ná iad siúd a baineadh amach i 2005. I rith 2006 bhí sraith chruinnithe ag an mBord leis na gcleachtóirí a bhí bainteach i dtáirgeadh an doiciméadaithe nochta chun an cás míshásúil seo a phlé. Meastar go mbeidh feabhas le feiceáil i 2007 agus glacfaimid na céimeanna is gá nuair nach dtarlaíonn sé seo.

Tá sé tábhachtach freisin go dtuigeann na hiontaobhaithe na freagrachtaí dlíthiúla a bhfuil faoina gcúram agus nach mbaintear an fhreagracht sin uathu fiú má tiomnaíonn siad an riarachán laethúil dá scéim ar dhaoine eile. Cé go bhfuil seans ann nach bhfuil na hiontaobhaithe freagrach as na cáipéisí féin a tháirgeadh, tá sé de fhreagracht orthu a chinntiú go bhfuil sé géilliúil. Mar sin, ní mór do na hiontaobhaithe monatóireacht ghníomhach a dhéanamh orthu siúd a bhfuil fostaithe acu chun a riarachán a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go géilleann sé leis an reachtaíocht. Is mian leis an mBord é a chur i gcuimhne do na hiontaobhaithe gur féidir le haon bhriseadh d'Achtanna na bPinsean a bheith faoi réir ionchúisimh. Leanfaidh an Bord, gan dabht, ag oibriú go dlúth le scéimeanna agus le cleachtóirí chun a chinntiú go ndéantar dul chun cinn i dtreo lán ghéilliúlacht a hath-bhunú.

Clúdaítear achoimre de na tacaíochtaí a chuireann an Bord ar fáil do na hiontaobhaithe agus a ndualgais á dhéanamh acu sa chaibidil dár teideal Eolas/Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean.

Tuairisciú Soláthraí CCSP

Cuireadh tuarascálacha ráithiúla a leag amach líon agus luach carnach na sócmhainní de na conarthaí le haghaidh gach ráithe isteach ag soláthraithe i rith na bliana. Tá na staitisticí achoimre a bhaineann leis na tuarascálacha seo agus comparáid idir na blianta taispeánta in Aguisín I. Léiríonn Tábla 12 in Aguisín I dar teideal 'Líon na gConarthaí CCSP' an méadú seasta sna conarthaí ó tugadh isteach na CCSP go luath i 2003. Rinneadh na torthaí is cuimsithí a bhain le sain-sonraí an ranníocóra a chuireadh isteach go luath sa bhliain a phróiseáil agus a hanailísiú freisin.

Fuarthas tuarascálacha bliantúla na soláthraithe don Bhord, ina n-áirítear foirceannadh agus deimhniúchán na n-achtúirí atá ceaptha ag na CCSP, roimh dheireadh an chéad ráithe i 2006. Ní léiríonn na tuarascálacha, a shainíonn leibhéal na géilliúlachta na soláthraithe leis na forálacha reachtacha i rith na bliana roimhe sin, aon mhór-chásanna de neamh-ghéilliúlacht. Bhí an Bord sásta le leibhéal na géilliúlachta agus aithníonn sé luach an ionchuir bhreise den achtúire CCSP sa phróiseas seo.

Ionchúisimh

Rinneadh an Bord iomlán de naoi ionchúiseamh rathúla i 2006. Rinneadh dhá ionchúiseamh i gcoinne iontaobhaithe na scéimeanna pinsean gairme agus rinneadh seacht ionchúiseamh i gcoinne fostóirí toisc gur theip orthu freagra a thabhairt ar iarratas an Bhoird le haghaidh eolas maidir lena ndualgais sainordaitheacha mar fhostóirí faoi na CCSP. Ba iad ionchúiseamh na gCCSP na céad cinn a bhí bunaithe ar na tuarascálacha don Bhord a bhí déanta ag Cigireacht na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Forbairtí Eile

Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord ar phrionsabail agus nósanna imeachta a ghníomhaíocht feitheoireachta (a chuid mhaoinithe san áireamh) chun pé athruithe atá riachtanach a aithint d'fhonn a éifeachtacht agus a fheidhmiúlacht a uasmhéadú. Tógann an t-athbhreithniú na freagrachtaí rialaitheacha breise atá ag an mBord mar thoradh ar athruithe san reachtaíocht faoi deara, a lán díobh a bhfuil ann toisc forfheidhmiú na Treorach IORP.

I dteannta le scrúdú a dhéanamh ar fheidhm fheitheoireachta an Bhoird, tá an tionchar d'athrú ar fheitheoireacht atá bunaithe ar riosca ar na gníomhaíochtaí atá á dhéanamh laistigh den Bhord á mheas freisin. Tá an beartas, an t-eolas agus na feidhmeanna seirbhíse corparáideacha agus a struchtúr feidhmíochta san áireamh san athbhreithniú mar sin.

Bunaíodh grúpa tionscadail de bhaill agus foireann an Bhoird agus cuireadh tuarascáil dréachta faoi bhráid an Bhoird i nDeireadh Fómhair 2006. Thug an Bord formheas don tuarascáil athbhreithnithe feidhmíochta dréachta, go háirithe an gá chun a ghníomhaíocht rialaitheach a neartú agus a riachtanais acmhainne le haghaidh obair beartais sa todhchaí. Bhí formheas an Bhoird faoi réir meas iomlán de na n-impleachtaí airgeadais de na moltaí. Beartaíodh ar aighneacht foirmiúil a dhéanamh don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus don Roinn Airgeadais, agus tá an Bord fós ag obair ar seo i 2007 mar réimse oibre tosaíochta. Tá sé seo riachtanach chun a chinntiú go bhfuil an Bord struchtúrtha agus oilte chun muinín agus forastacht sa chóras pinsean gairme a chothabháil chomh fada agus is féidir.

Conclúid

Tá an fheitheoireacht cheart de scéimeanna pinsean gairme agus CCSP riachtanach chun coigiltis scoir a chosaint agus a spreagadh. Leanfaidh an Bord ag comhlíonadh a dhualgais rialaitheacha trí mheáin fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus leanfar leis ag déanamh athbhreithnithe ar iomchuibheas a chleachtais.

Reachtaíocht

Réamhrá

I rith 2006 chuir an Bord na céad dréachtaí de reachtaíocht phríomha agus tánaisteach ar fáil don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ba é dréachtú na reachtaíochta chun Conarthaí Blianachta Scoir atá bunaithe ar iontaobhas a thabhairt faoi tarchuir Achta na bPinsean agus chun córas de 'phionóis ar an spota' a chruthú a mhéadóidh cumhachtaí feitheoireachta an Bhoird, tosaíocht an oireachtais le haghaidh 2006. Rinneadh an chéad dréachtú den reachtaíocht seo i rith 2006 le bheith tugtha isteach in Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2007.

Athruithe reachtúla chun éifeachtacht na reachtaíochta pinsean a fheabhsú

Achtaíodh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 ar 24 Márta 2006. Cuireadh tús le formhór na bhforálacha pinsean ar 24 Bealtaine 2006. Níl tús curtha fós le hAlt 3A agus Alt 51A d'Achtanna na bPinsean, faoi mar a bhí tugtha isteach ag Alt 39 agus Alt 42 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 faoi seach. Tá sain liosta d'fhorálacha an Achta um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 a tugadh isteach maidir le pinsin ar fáil in Aguisín IV.

Na Príomh Forbairtí

Conarthaí Blianachta Scoir atá Bunaithe ar Iontaobhas

Cuireann Treoir AE (2003/41/CE) faoi ghníomhaíochtaí agus feitheoireacht na n-institiúidí le haghaidh forálacha scoir ghairme (Treoir IORP) riachtanais rialála ar scéimeanna pinsean gairme; ina n-áirítear Conarthaí Blianachta Scoir (CBS) atá iontaobhas bunaithe. D'fhonn géilleadh leis an Treoir agus ar son cúiseanna beartais eile cinntíodh gur chóir Achtanna na bPinsean a bheith bainteach do na socruithe seo. I mBealtaine, chuaigh an Bord Pinsean i mbun próisis chomhairliúcháin le soláthraithe Chonarthaí Blianachta Scoir atá iontaobhas bunaithe agus eagraíochtaí trádála agus gairmiúla. Ina dhiaidh críochnú an phróisis chomhairliúcháin, ullmhaíodh cuid XIII nua d'Achtanna na bPinsean. Sainmhíníonn an cuid XIII seo codanna d'Achtanna na bPinsean a bheidh bainteach le CBS agus a bheith tugtha isteach trí mheán an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2007.

Pionóis ar an Spota

Cuireadh Alt 3A d'Achtanna na bPinsean isteach ag Alt 39 d'Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 chun rogha in ionad ionchúiseamh de chion faoi na hAchtanna a chur ar fáil. Forálann Alt 3A gur féidir leis an mBord Pinsean duine a chur in iúl ar phár go meastar go rinneadh cion agus más ea, laistigh de 21 lá den fhógra, go bhfuil an cion socraithe ag an duine go leibhéal sásúil den Bhord agus an táille cuí íoctha acu, ní leanfadh ionchúiseamh ar aghaidh. Níor

chuireadh tús leis an Alt seo áfach, toisc gur chuaigh an Bord faoi obair bhreise i 2006 agus an tslí is fearr chun na forálacha seo a chur i bhfeidhm á mheas aige.

Is cúis na hoibre seo le leasú Ailt 3A d'fhonn ailt d'Achtanna na bPinsean ar a mbeidh pionós ar an spota le bheith curtha i bhfeidhm orthu toisc sárú na hailt sainiúla sin. Bheartaigh an Bord roinnt athruithe a mholadh do na pionóis ina n-áirítear:

- Mhéadaigh na pionóis is airde le haghaidh cionta achoimre agus díotálacha araon faoi na hAchtanna ó £1,500 (€1,904.61) go dtí €5,000 le haghaidh cion achoimre agus ó £10,000 (€12,697.38) go dtí €25,000 le haghaidh cion díotálacha, agus

- Ní féidir aon phionóis a chuirtear i bhfeidhm faoi na hAchtanna a íoc as acmhainní na scéime pinsean, CBS iontaobhais nó CCSP.

Athróidh cur chuige an Bhoird chuig dualgais sainordaitheacha na bhfostóirí go suntasach ina dhiaidh tabhairt isteach an chórais phionóis 'ar an spota'. Dá réir sin, beidh pionóis sibhialta mar thoradh ar an teip d'aon fhostóir freagra a thabhairt d'iarratais a rinneadh ag an mBord chun fianaise cáipéise na géilliúlachta le dualgais sainordaitheacha na bhfostóirí a chinntiú agus a sholáthar.

Ceisteanna Reachtacha Eile

Athruithe um an Dlí Teaghlaigh

Tá Bille um an Dlí Teaghlaigh á mheas ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar chuid dá chlár reachtach. Lean an Bord leis ag déanamh monatóireachta ar an bhforbairt maidir le ghnéithe pinsean i rith 2006.

Ombudsman na bPinsean

Ligeann Alt 131 d'Achtanna na bPinsean a rinneadh leasú air, d'Ombudsman na bPinsean dul thar Tuaslagadh Díospóide Inmheánaigh agus imscrúdú a dhéanamh ar gearán i gcúinsí áirithe. Ní bhaineann sé seo le scéimeanna a bhfuil ceart reachtúil acu achomhairc a dhéanamh.

Conclúid

Ba í tosaíocht na gníomhaíochta reachtaíochta i rith 2006 a chinntiú go raibh cumais fheitheoireachta feabhsaithe ag an mBord trí mheán 'pionóis ar an spota' a thabhairt isteach agus a chinntiú go gcuireadh gach gné den Treoir IORP i bhfeidhm trí mheán an tabhairt isteach den reachtaíocht um CBS atá bunaithe ar iontaobhas chun an Bord a chur ar a chumas monatóireacht agus feitheoireacht a dhéanamh ar na scéimeanna seo. Leanfaidh an Bord, i gcomhréir leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an tAcht a choimeád faoi athbhreithniú chun a chinntiú go bhfanann sé suas chun dáta agus go bhfreagraíonn sé agus go réamhghabhann sé na riachtanais atá ag teacht chun cinn.

Beartas

Réamhrá

Tá freagracht reachtúil ag an mBord comhairle a thabhairt don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh faoi chúrsaí pinsean. Tá spás tábhachtach i gcomhshaol déantúsaíochta an bheartais líonta aige trí:

- Moltaí a fhorbairt nuair is féidir trí chur chuige comhpháirtíochta agus páirteachas comhpháirtíochta sóisialta gníomhach a chinntiú ar bhonn leanúnach;
- Sain-chomhairle theicniúil faoi cheisteanna casta pinsin a chur ar fáil don Rialtas;
- Tosaíocht a thabhairt don eolas a fhaightear ónar bpróisis rialála chun treoir tráthúil agus chruinn a chur ar fáil d'fhonn soláthar agus slándáil na bpinsean a neartú agus reachtaíocht a mhúnlú dá réir; agus
- Nua foinsí eolais a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna tuairiscithe agus feasacht a chothú, m.sh. Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean.

Aithníonn ráiteas straitéise an Bhoird 2006 – 2010 an cothú den fhorbairt de struchtúir náisiúnta pinsean éifeachtacha mar phríomh cuspóir. I dteannta le comhairle agus leasú reachtach, bhí an clár oibre beartais 2006 níos leithne agus níos comhtháthaithe le próisis déantúsaíochta-beartais ná mar a bhí i mblianta roimhe sin. Tá cur síos de na príomh míreanna a chuireadh ar aghaidh i rith na bliana imlínithe thíos, ina n-áirítear foilseachán an Athbhreithnithe Náisiúnta na bPinsean agus an tuarascáil um Choigiltis Speisialta Scoir, chomh maith lenár ról mar chomhairleoir teicniúil don phróiseas Páipéar Glas ar Phinsin.

Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean

D'fhoilsigh an Bord Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean in Eanáir 2006. Rinne an tuarascáil athbhreithniú ar na príomh spriocanna den Tionscnaimh Polasaí Pinsean Náisiúnta (NPPI) um chlúdach agus leorgacht. Rinne sé scrúdú ar ghnéithe airgeadais agus ar ghnéithe eile de na córais pinsean reatha agus córais féideartha eile agus d'iarr sé ar fheabhsúcháin sainiúla don chóras forlíontach deonach reatha chun ioncam scoir chuí a chinntiú do chách.

Thug an tAcht Airgeadais, 2006 feabhsúcháin isteach don chóras cánach atá deartha chun sealbhóirí ioncaim níos ísle de Chuntais Dreasachta Coigiltis Speisialta (SSIA) a gciste SSIA aibithe a haistriú go dtí foráil phinsin mar eilimint amháin de mheasúnú an Rialtais d'fhoráil phinsean foriomlán sa bhfadtéarma.

Coigiltis Speisialta Scoir

Scríobh an tAire chuig an Bord i bhFeabhra 2006 ag iarraidh ar an mBord tuarascáil a ullmhú faoi na prionsabail ghinearálta maidir le córas pinsean nó leath-chóras sainordaitheach leis an

aidhm den chóras is iomchuí d'Éire ag leibhéal praiticiúil agus costas a ríomhadh dó seo má raibh cur chuige dá leithéid le bheith uchtaithe. Foilsíodh an tuarascáil um Choigiltis Speisialta Scoir i mí Lúil. Ní moladh ón mBord é an tuarascáil i bhfabhar nó i gcoinne an tabhairt isteach de chóras sainordaitheach, ach is scrúdú teicniúil é de na ceisteanna praiticiúla a bhaineann leis an gcóras pinsean sainordaitheach.

Cuireann an tuarascáil anailís de na príomh roghanna pinsean sainordaitheacha ar fáil, ina n-áirítear réamhaisnéis airgeadais cuimsitheacha, anailís eacnamaíoch agus scrúdú na gceisteanna teicniúla agus ceisteanna eile a thagann chun cinn ó gach ceann de na moltaí.

Is é an príomh moladh ná gurb é an cur chuige is oiriúnaí agus is praiticiúla chun staid na bpinsinéirí in Éirinn a fheabhsú ná meascán de mhéadú sa phinsean Stáit le córas forlíontach sainordaitheach díobh siúd atá ag obair ach nach bhfuil ag déanamh forála forlíontach. Molann an tuarascáil go sainiúil go méadófar an pinsean ranníocach Stáit go dtí 40% de Ollthuillimh Thionsclaíocha Meánacha (GAIE) thar an deich mbliana roimh 2016 agus go gcothaítear an fíor luach den phinsean ag an gcoibhneas sin de GAIE ar a laghad as sin amach.

Tabharfar coigiltis speisialta scoir ar chóras forlíontach sainordaitheach agus bheadh cuntas coigiltis speisialta scoir ag daoine aonair. Mhol an Bord go dtabharfar isteach ranníocaíochtaí do na cuntais seo diaidh i ndiaidh thar 10 mbliana.

I dTreo 2016

Tá roinnt tagairtí do phinsin agus don Bhord Pinsean sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta is déanaí *I dTreo 2016*. Spreagann an comhaontú spriocanna an Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta (NPPI) le haghaidh feabhsuithe i dtuairisciú pinsean le haghaidh 70% den fhórsa oibre thar aois 30. Áiríonn gnéithe an chomhaontaithe maidir le pinsin an t-athbhreithniú ar phinsin comhpháirtíochta, scéimeanna pinsean croschineálacha agus an Páipéar Glas ar Phinsin.

Samhlaíonn an comhaontú comhpháirtíochta sóisialta *I dTreo 2016* a chuireadh i gcríoch i 2006 go dtógfaidh Páipéar Glas an Rialtais tuarascáil um Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean agus Coigiltis Speisialta Scoir de chuid an Bhoird faoi deara freisin.

Athbhreithniú ar Phinsin Comhpháirtíochta

D'aontaigh an Rialtas dul i ngleic le fostóirí agus ceardchumainn, i bpróiseas atá le bheith tacaithe ag an saineolas cuí agus trí tuarascálacha den Bhord Pinsean agus feidhmíocht an mhargaidh bhlianachta a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs cur chuige cuimsitheach chuig beartas pinsean sa todhchaí. Cuirfidh toradh an chleachtais seo le déantús an Pháipéir Ghlais faoin Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta de chuid an Rialtais.

Scéimeanna Pinsean Croschineálacha

Mar chuid den athbhreithniú seo, iarradh ar an mBord Pinsean lámhleabhar a tháirgeadh faoi, 'Scéimeanna Pinsean Croschineálacha'. Bhí taighde sna roghanna deartha leasa i réimse na bpinsean gairme agus scrúdú ar cheisteanna deartha reatha i socruithe sochair sainmhínithe agus i socruithe ranníocaíochta sainmhínithe chun treoir a thabhairt ar dhearaí ina bhfuil na n-eilimint dhearfacha de gach socrú i gceist leis seo, nuair a bhí na costais agus na rioscaí á cheartú ag an am céanna do na páirtithe atá i gceist. Aontaíodh an lámhleabhar ag an mBord agus cuireadh ar aghaidh go dtí Grúpa um Athbhreithniú ar Phinsin Comhpháirtíochta le bheith measta ag deireadh 2006, le bheith foilsithe i 2007.

Páipéar Glas ar Pholasaí Pinsean Náisiúnta

Imlíneoidh an Páipéar Glas ar Pholasaí Pinsean na príomh roghanna agus dúshláin beartais i réimse na bpinsean. Bhí dian-obair de chuid an Bhoird i gceist leis seo, ina n-áirítear dréachtú agus athbhreithniú ábhar ar cheisteanna áirithe i rith 2006 agus ar aghaidh i 2007.

Athbhreithniú na hIontaobhaíochta

Tá beagnach €90 billiún de choigiltis scoir thar cheann na mball scéime pinsean faoi chúram na n-iontaobhaithe agus riarthóirí na scéime. Mar thoradh ar iarratas níos túisce don Bhord ón Aire, rinneadh athbhreithniú na hiontaobhaíochta i 2006 ag an mBord.

I measc na príomh chuspóirí don athbhreithniú seo bhí

- An múnla iontaobhais de rialachas na scéime pinsean a mheas;
- Feabhsuithe rialála agus rialachais ábhartha a d'fhéadfadh a bheith déanta a aithint chun an múnla iontaobhais a chur ar a chumas feidhmiú níos éifeachtaí, agus;
- Na tacaíochtaí atá i bhfeidhm le haghaidh iontaobhaithe a scrúdú.

Is é príomh thoradh an athbhreithnithe ná go bhfuil an múnla iontaobhais reatha fós ag tabhairt cosaint do scéimeanna a údaraíonn a leanúnachas, sa chuí is go bhfuil roinnt mhaith roghanna ar fáil chun rogha breise a thabhairt do scéimeanna níos lú. D'aithin an t-athbhreithniú feabhsuithe rialála agus rialachais ábhartha freisin a d'fhéadfadh a bheith riachtanach anois chun cosaint na mball a chinntiú.

Baineann na príomh moltaí le:

- an soláthar uathoibríoch d'oiliúint le haghaidh na hiontaobhaithe chun caighdeáin chumais na n-iontaobhaithe a mhéadú; agus
- cumhachtaí iniúchta agus smachtúla nua a thabhairt isteach don Bhord Pinsean d'fhonn caighdeán riaracháin na scéime a fheabhsú.

Cuireadh an t-athbhreithniú faoi bhráid an Aire le bheith measta i mí na Samhna 2006 agus déanfar é a mheas i gcomhthéacs an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2008. Beidh air dul faoi anailís ar thionchair rialaitheach atá mar ghné caighdeánach den phróiseas reachtach.

Athbhreithniú den Chaighdeán Maoinithe

Rinne an Bord athbhreithniú ar an gcaighdeán maoinithe le haghaidh scéimeanna sochair sainmhínithe i dTuarascáil a chuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i Nollaig 2004. Cuireadh na moltaí siúd a raibh athrú reachtach de dhíth uathu i bhfeidhm san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 agus Rialacháin a rinneadh i Meán Fómhair 2005.

Léirigh roinnt aighneachtaí a rinneadh don Bhord áfach, i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Náisiúnta na bPinsean (ANP) imní leanúnach maidir leis an éifeacht den chaighdeán maoinithe ar scéimeanna a bhfuil faoina réir agus thug an Bord geall i dtuarascáil an ANP tuilleadh breathnaithe a thabhairt faoi ar chóir é aon athruithe breise a mholadh don chaighdeán maoinithe. Ag leanúint leis an ngealltanas sin, scríobh an tAire chuig an Bord ar 6 Feabhra 2006 ag iarraidh ar athbhreithniú den chaighdeán maoinithe a bheidh déanta de dheasca ar na deacrachtaí maoinithe leanúnacha de scéimeanna sochair sainmhínithe. Tá an obair ar an tionscadal ag ardchéim agus tá sain-fhreagra á fhorbairt ag an mBord i láthair na huaire a thabharfar don Aire i 2007.

Clúdach Pinsean

Aithníonn an ráiteas straitéise gur eilimint riachtanach den chóras pinsean é tomhas an dul chun cinn i dtreo baint amach na spriocanna clúdaigh.

Mar chuid de sceideal na suirbhéanna ar a bhfuil aontaithe leis an bPríomh Oifig Staidrimh (CSO), léirigh torthaí an tSuirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh (QNHS) (suirbhé iomlán) IV, 2005, a foilsíodh i Nollaig 2006, gurb é 55.0% an clúdach foriomlán ag pinsin gairme agus pearsanta de na daoine go léir atá fostaithe (i gcomparáid leis 51.2% i Ráithe I, 2002). Ba é 61.8% (i gcomparáid le 57.8% i Ráithe I, 2002) an céatadán clúdaigh díobh siúd thar aois 30 (an grúpa lena tagraíonn sprioc an Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta de 70%).

Aontaíodh ar clár monatóireachta clúdaigh leis an CSO a n-áiríonn an cuimsiú de chuid a bhaineann le pinsin sa QNHS le haghaidh 2006 ar aghaidh agus chun tabhairt faoi níos mó suirbhéanna teoranta i Ráithe I 2007 agus i Ráithe I 2008. Cuirfidh na suirbhéanna seo le hathbhreithniú na spriocanna pinsean a meastar a bheith déanta i 2008 (de réir Athbhreithnithe Náisiúnta na bPinsean). Cuirfear pinsin san áireamh freisin san Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta 2008.

Iarrann Rialachán na gComhairle Eorpach Uimh. 58 de 1997 eolas sainiúil a bheith bailithe ag an CSO faoi pinsin agus curtha ar fáil don Aontas Eorpach. Bhí díospóireacht ar siúl idir an CSO agus an Bord maidir le bailiúchán an eolais seo.

Conclúid

Sa bhliain 2006, d'oibrigh an Bord Pinsean ar chlár oibre beartais an-ard aidhmeannach. Is léir gur chuir sé seo le díospóireacht an bheartais phinsean de chuid an Rialtais. Cuireann an obair seo pointe tosaithe láidir ar fáil chun freastal ar na dúshláin bheartais a thagann chun cinn i 2007.

Meastar go n-imlíneodh an Páipéar Glas na príomh roghanna agus dúshláin pinsean náisiúnta sa réimse seo. Cuirfear deireadh leis an obair leanúna a thagann chun cinn ó Athbhreithniú Náisiúnta na bPinsean go gairid ina dhiaidh. Socróidh na forbairtí seo treo ár ról beartais sa todhchaí. Tionchair eile a bheidh ann ná an móiminteam méadaithe de tionscnaimh AE, agus athbhreithniú feidhmíochta an Bhoird. De réir mar a mhéadaíonn móiminteam na bhforbairtí pinsean náisiúnta agus idirnáisiúnta, leanfaidh an Bord Pinsean ag cur isteach ar, agus a bheith faoi thionchar, na bhforbairtí seo agus chuirfidh sé eolas ar fáil don phróiseas cinntíochta de réir mar is cuí.

Eolas / Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean

Réamhrá

Tá eolas faoi phinsin riachtanach d'fhonn trí phríomh chuspóirí a bhaint amach:

- Feasacht pinsean a ardú d'fhonn clúdach pinsin a mhéadú agus iad siúd le foráil pinsin a spreagadh aghaidh a thabhairt ar leorgacht na forála sin;
- Taisceoirí pinsean a chur ar an eolas faoina gcearta agus teidlíocht ar eolas; agus
- A chinntiú go bhfuil go leor eolais ag teaghlaigh cinntí airgeadais chuí a dhéanamh.

Tuairiscíonn an rannóg seo ar an dul chun cinn a rinneadh i 2006 i gcoinne cuspóirí an ráitis straitéise de:

- Leibhéal páirteachais sa chóras pinsin náisiúnta a chuireann gach saoránach ar a chumas ioncam scoir chuí a fháil a chur chun cinn;
- Eolas a chur ar fáil do gheallshealbhóirí pinsean trí fhoilseacháin, an suíomh idirlín agus seirbhísí fiosrúcháin; agus
- Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean atá urraithe ag an Rialtas a eagrú.

Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP) á reáchtáil ag an mBord gach bliain ó 2003. Déantar an tionscadal seo a mhaoirsiú ag grúpa tionscadail ina n-áirítear ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, soláthraithe agus na páirtithe sóisialta. Is é cur chuige an fheachtais seo díriú ar earnálacha sainiúla agus cohóirt aoise chun a ghá d'fhoráil phinsin a aibhsiú agus a chinntiú go dtugann iad siúd a bhfuil foráil pinsin acu cheana aghaidh ar leorgacht na forála sin.

Chuir an Bord fáilte roimh an fhógairt go raibh an tAire ag cur €1,000,000 breise ar fáil le haghaidh leanúint an FNFP le haghaidh 2006, suim a mhéadaithe ó €570,000 ón bhliain roimhe sin.

Tosaíochtaí don FNFP 2006

D'iarraidh an FNFP 2006 feachtas straitéiseach feasachta pinsean a dhéanamh a spreagfadh comhshó na feasachta go dtí gníomh dhearfach. Go háirithe, dhírigh sé ar:

- Glacadh na bpinsean a mhéadú acu siúd nach bhfuil aon phinsean acu agus d'fhonn a chinntiú go dtugann iad siúd a bhfuil foráil phinsin acu aghaidh ar leorgacht na forála sin;
- Custaiméirí a chur ar an eolas a bheith freagrach go pearsanta as a bpleanáil scoir sa todhchaí iad féin chomh maith le freagracht na bhfostóirí a chur chun cinn;
- Sealbhóirí na gCuntas Coigiltis Infheistíochta Speisialta a spreagadh chun roinnt dá gcaipitil a infheistiú i bhfeithicil pinsean; agus
- Bunús oideachasúil a thógáil faoi phleanáil scoir don todhchaí chun daoine a spreagadh a bheith meabhrach agus ar an eolas faoina bpinsean agus go háirithe leorgacht a bpinsean a scrúdú.

Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean

Bhí Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean ar siúl ó 1 – 7 Bealtaine, 2006 agus bhí dian fhógairt agus díriú cothaithe ar na spriocanna aoise de 25 – 39 i gceist ann faoin téama "Gníomh agus Leorgacht". I measc na gníomhaíochta bhí gníomh sráide um chur chun cinn, fógraíocht allamuigh, timpeallach, agus arlíne, fógraíochta an phreasa náisiúnta, fógraíocht raidió agus teilifíse réigiúnach agus náisiúnta.

Bunaíodh díriú na ndaoine óga ar thaighde tomhaltóra neamhspleách a rinneadh thar cheann an Bhoird Pinsean in Eanáir 2006. Léirigh sé seo díobh siúd nach bhfuil pinsean acu gurb iad na príomh chúiseanna a thugadh as seo ná gur bhraith na faisnéiseoirí go rabhadar ró-óg, nár chreideadar gur acmhainn dóibh pinsean a bheith acu nó go simplí nach raibh suim acu i bpinsin.

Seirbhísí Eolais agus fiosrúcháin



I rith 2006, lean an Bord ag cur slándáil na scéimeanna pinsean gairme chun cinn trí treoir údarásach a chur ar fáil d'iontaobhaithe agus do chleachtóirí pinsean faoi conas cloí le hAchtanna na bPinsean, agus faoi dea-chleachtas i gcoitinne maidir le riarachán na scéime.

Cuireann an Bord raon leabhráin eolais chuimsitheacha ar fáil saor in aisce agus arlíne. Cabhraíonn na leabhráin seo leis na baill súil a choimeád ar riarachán agus sláine airgeadais a scéimeanna agus eolas a fháil faoin dteidlíochtaí féin. Tá liosta iomlán de leabhráin eolais an Bhoird leagtha amach in Aguisín V, chomh maith le liosta den treoir ábhartha atá ar fáil ó eagraíochtaí eile.

Déileálann seirbhís eolais agus fiosrúcháin an Bhoird, cumarsáid labhartha agus scríofa, le fiosrúcháin nó gearáin a fhuarthas ó bhaill na scéime agus a chleithiúnaithe, baill dhóchúla, iontaobhaithe, ceardchumainn, fostóirí agus fostaithe an chomhlachta le feidhmeanna pá acmhainní daonna agus caidrimh tionsclaíocha. Tá fiosrúcháin, lena n-áirítear ceisteanna teicniúla, faighte ó chleachtóirí pinsean, comhlachtaí gairmiúla agus ionadaithe ó na meáin chumarsáide. Fuair an Bord beagnach 12,000 fiosrúchán i 2006. Tá tuilleadh sonraí agus staitisticí faoi fhiosrúcháin le fáil ag Aguisín I.

Thug an Bord 50 cur i láthair eolais freisin d'iontaobhaithe, cheardchumainn, d'fhoireann an fhostóra, chomhlachtaí gairmiúla agus daoine eile faoi na príomh ghnéithe d'Achtanna na bPinsean agus reachtaíocht eile a théann i bhfeidhm ar phinsin i rith 2006.

Suíomh Idirlín an Bhoird Pinsean

((www.pensionsboard.ie)

Thug níos mó ná 250,000 duine cuairt ar shuíomh idirlín an Bhoird Pinsean i 2006 ag lorg eolais, figiúr a bhí 18% níos airde ná 2005. Tá leagan leictreonach de leabhráin eolais an Bhoird, ríomhaire pinsean, treoirlínte, foirmeacha iarratais agus údaraithe le haghaidh gnó trasteorann a dhéanamh, agus cumarsáid neamhfhoirmiúil do pháirtithe a bhfuil suim acu i bhfoirm ráitis nuachta, as a bhfoilsíodh dhá cheann díobh ar an suíomh idirlín i 2006, san áireamh ar an suíomh idirlín.

Toisc líon mór na gcuairteoirí don suíomh idirlín, i Nollaig 2006 cheap an Bord comhlacht idirlín chun seiceáil cháilíochta agus iniúchadh a dhéanamh ar chumas úsáide, insroichteacht agus géilliúlacht an tsuímh idirlín. Cabhróidh sé seo leis an mBord Pinsean a chuspóirí cumarsáide a chomhlíonadh agus beartas agus treoirlínte comhsheasmhacha a fhorbairt don suíomh idirlín.

Seirbhísí Tacaíochta na n-Iontaobhaithe

I measc feidhmeanna reachtúla an Bhoird tá:

- Treoir a chur ar fáil do na hiontaobhaithe faoina ndualgais agus bhfreagrachtaí maidir le riarachán na scéime,
- Cóid chleachtais faoi ghnéithe de dhualgais na n-iontaobhaithe a eisiúint, agus
- Comhairle a thabhairt don Aire ar chaighdeáin d'iontaobhaithe agus ar a bhforfheidhmiú.

Tugann an leabhrán eolais "Is Iontaobhaí Scéime Pinsean Thú mar sin?" treoir chuimsitheach do na hiontaobhaithe faoina ndualgais agus a bhfreagrachtaí. Tá leagan nuashonraithe den leabhrán seo le bheith foilsithe i 2007.

Clúdaítear tacaíochtaí eile ina n-áirítear Lámhleabhar an Iontaobhaí agus Cóid Chleachtais in Aguisín V. Toisc an tábhacht de Lámhleabhair an Iontaobhaí mar uirlis chun cabhrú le hiontaobhaithe agus a ndualgais agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh go ráithiúil acu, tá riachtanas i Rialacháin Nochtadh Eolais (I.R. 301 de 2006) go ndéanfar tagairt shainiúil sa tuarascáil bhliantúil de gach scéim i leith na ceiste an bhfuil rochtain ag iontaobhaithe na scéime ar Lámhleabhar an Iontaobhaí.

Cuireann an Bord seirbhís fiosrúcháin ar fáil d'iontaobhaithe maidir lena ndualgais agus a bhfreagrachtaí, le tagairt ar leith ar an sórt eolais agus treorach atá ar fáil i Lámhleabhar an Iontaobhaí. Ní féidir freagraí ar cheisteanna scéime sainiúla a bheith tugtha ach ag comhairleoirí gairmiúla na scéime amháin .i. an t-achtúire, an t-iniúchóir, an bainisteoir infheistíochta nó comhairleoirí dlíthiúla, agus ní féidir an treoir a sholáthraíonn foireann an Bhoird dul in ionad sain-chomhairle ghairmiúil maidir le scéim.

Leanann an Bord ag spreagadh an fhoráil d'áiseanna oiliúna oiriúnacha d'iontaobhaithe na scéimeanna i gcoitinne agus gabháil na háiseanna seo ag iontaobhaithe, trína ionadú ar an grúpa stiúrtha le haghaidh an bhFóram Iontaobhaí de Chumann Cistí Pinsean na hÉireann san áireamh.

Seirbhísí síntiúis le haghaidh cleachtóirí (Seirbhísí Reachtaíochta agus Nótaí Treorach)

Seirbhísí Reachtaíochta

Cuireann an Bord roinnt mhaith seirbhísí ar fáil ar bhonn síntiúis, ina n-áirítear seirbhís reachtaíochta atá deartha go príomha le haghaidh cleachtóirí pinsean. Faigheann na síntiúsóirí don seirbhís seo téacs neamh-reachtúil daingnithe d'Achtanna na bPinsean agus de na Rialacháin.

I rith 2006 rinne an Bord athbhreithniú de tháirgeadh na seirbhíse reachtaíochta d'fhonn an modh seachadta na seirbhíse is éifeachtaí agus is seiftiúla a aithint. Mar thoradh, beartaíodh go soláthrófar an tseirbhís reachtaíochta sa todhchaí ag soláthraí seirbhíse seachtrach, i bhformáid arlíne, le bheith i bhfeidhm go luath i 2007.

Nótaí Treorach

Cuireann an Bord nótaí treorach faoi chodanna éagsúla d'Achtanna na bPinsean agus de na Rialacháin ar fáil freisin trí síntiúis, go háirithe sna réimsí sin a sháraíonn gníomhas an iontaobhais agus rialacha na scéime. Faigheann na síntiúsóirí don seirbhís leaganacha nuashonraithe d'aon athruithe reachtacha.

Rinne an Bord athbhreithniú den tseirbhís seo freisin i 2006, ina n-áirítear próiseas comhairliúcháin lenár gcustaiméirí. Le toradh an athbhreithnithe seo beidh an fhoráil de threoir curtha ar fáil saor in aisce agus ar shuíomh idirlín an Bhoird Pinsean ag www.pensionsboard.ie. Seachadfar an treoir i raon formáid ina n-áirítear treoirlínte, ceisteanna a chuirtear go minic agus leabhráin. Tabharfar an nós imeachta nua isteach i rith 2007.

Conclúid

Mhéadaigh an ghníomhaíocht feasachta agus eolas pinsin i 2006. Dhaingnigh na suirbhéanna a rinneadh ó chuireadh tús leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean ag eagraíochtaí taighde margaidh neamhspleácha go bhfuil an mheabhraíocht faoi phinsin ag ard leibhéal anois. Cuireadh tacaíocht leanúnach i bhfoirm nótaí treorach, leabhráin eolais agus nuashonraithe ráitis nuachta ar fáil d'iontaobhaithe agus do chomhairleoirí gairmiúla sainiúla. Leanfaidh an Bord ag cur eolas agus treoir faoi cheisteanna a bhaineann le pinsin ar fáil do raon pháirtithe leathan, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar mheán tacaíocht a thabhairt do shlándáil, struchtúir agus páirteachas na bpinsean.

Caidrimh Sheachtracha

Cothaíonn an Bord Pinsean caidrimh oibre éagsúla le chomhlachtaí seachtracha, rud atá riachtanach chun straitéis an Bhoird a dhéanamh go héifeachtach.

Is Bord ionadach é an Bord Pinsean féin. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ar siúl dhá uair sa bhliain ag foireann an Bhoird Pinsean le heagraíochtaí ionadacha éagsúla lena bhfuil dlúthchaidrimh oibre acu leis an mBord, ina n-áirítear iad siúd a bhfuil ionadaithe acu ar an mBord. Is í aidhm na gcruinnithe ceisteanna reatha a phlé a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an dá eagraíocht agus nuashonrú a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí an Bhoird Pinsean.

Lean an dlúth-chomhoibriú leis an Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Ombudsman na bPinsean, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Rialtóir Airgeadais i rith 2006.

Tá meabhrán tuisceana ag an mBord le hOmbudsman na bPinsean agus leis an Rialtóir Airgeadais. Is áiseach é meabhrán tuisceana chun na réimsí as a bhfuil freagracht ag gach údarás rialála a shainmhíniú agus chun dé-rialáil a sheachaint. Is cabhrach é freisin agus socruithe le haghaidh an comhoibriú agus malartú an eolais riachtanach laistigh de na teorainn reachtúla a bhunú.

Téann an Bord i dteagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim, a bhfuil sé de fhreagracht acu formheas na scéimeanna pinsean gairme a fháil d'aidhmeanna faoisimh chánach, agus a thugann chomh-fhormheas d'earraí CCSP i dteannta leis an mBord Pinsean. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim feitheoireacht freisin ar fheidhmiú a threoir maidir le cistí a thagann ó agus na leasa iníoctha ó scéimeanna pinsean gairme agus ó CCSP. Lean an Bord ag dul i dteagmháil leis an mbrainse um Ghnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsin) de chuid na Coimisinéirí Ioncaim i 2006 faoi cheisteanna CCSP a bhaineann le cáin ina n-áirítear aistrithe ó scéimeanna pinsean coigríche go dtí CCSP agus cásanna atá ag iarraidh aisíoca na ranníocaíochtaí CCSP.

Chuaig an Bord i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le ceisteanna pinsean ábhartha i leith na nAchtanna um an Dlí Teaghlaigh agus le Roinn an Taoisigh, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i gcomhthéacs ullmhúcháin an Pháipéir Ghlais.

Lean an Bord ag buaileadh leis an bPríomh Oifig Staidrimh maidir leis an sceideal le haghaidh torthaí an tSuirbhé Ráithiúil Náisiúnta Teaghlaigh.

Tugadh cuireadh don Bhord páirt a ghlacadh sa Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Oideachas Airgeadais agus d'fhreastal sé ar an gcruinniú oirnithe a bhí ar siúl ar 12 Nollaig 2006. Déantar an grúpa a éascú ag an Rialtóir Airgeadais agus is é a chuspóir ná oideachas pleanála meán agus fadtéarmach ina n-áirítear pinsin a fhorbairt.

Tá ról tábhachtach ag na caidrimh seo i bhforbairt na bpinsean agus leanfaimid ag obair d'fhonn na caidrimh seo a fhorbairt, chun luach a chur leis agus gné comhlántach agus uathoibríoch araon dár ról éagsúla a aithint.

Glacann an Bord páirt ghníomhach i roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin ar nós iad seo a leanas:

Committee of European Insurance and Occupational Pension Supervisors (CEIOPS)

Tá rialtóirí ó na Ballstáit AE go léir sa Choiste seo agus i measc a tharchuir tá an fhorbairt de chomhoibriú níos dlúithe idir na Rialtóirí. Tá an coiste CEIOPS freagrach as forfheidhmiú na Treorach 2003/41/CE faoi na gníomhaíochtaí agus an fheitheoireacht d'fhorálacha scoir ghairme, a chuireadh isteach i dlí na hÉireann ar 23 Meán Fómhair 2005. Glacann na húdaráis de na Ballstáit de Cheantar Eacnamaíoch Eorpach páirt sa CEIOPS freisin.

Coiste na bPinsean Gairme de chuid CEIOPS

Tá fo-choiste de CEIOPS – Coiste na bPinsean Gairme – freagrach as tuairisciú den Choimisiúin AE faoin chaoi a gcuireadh an Treoir IORP i bhfeidhm sna Ballstáit éagsúla agus faoi aon fhadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn sa chomhoibriú trasteorann den Treoir. Is foghrúpa coiste buan é seo de CEIOPS agus tionólann sé go rialta chun ceisteanna pinsean a phlé go sainiúil.

Organisation for Economic Cooperation and Development (OECD)

Cuireann an Meitheal Oibre um Phinsin Phríobháideacha fóram ar fáil le haghaidh déantóirí beartais ó tíortha an OECD chun beartas poiblí le haghaidh pinsin príobháideacha a phlé, le béim ar Rialachán. Is é a mhisean ná cabhrú le tíortha i bhforbairt an chreat oibre feitheoireachta agus rialála fónta a chosnaíonn cearta na mball agus na dtairbhithe agus a chuireann an slándáil airgeadais de phleananna pinsean agus cistí chun cinn. Tá an obair sin á chur i bhfeidhm tríd an fhorbairt de chaighdeáin, anailís beartais iomlán agus próiseas bailithe sonraí uathúil.

Forbraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhFeitheoirí Pinsean prionsabail, caighdeáin agus dea-chleachtais faoi cheisteanna feitheoireachta pinsean agus faoi cheisteanna rialála a bhaineann le feitheoireacht na bpinsean.

Caidrimh eile

I dteannta an t-ionadú ag na heagraíochtaí atá luaite thuas, bhí caidreamh gníomhach ag an mBord Pinsean leis an mBanc Domhanda trí an malartú eolais agus páirteachas i gcomhdhálacha agus seimineáir a bhí urraithe ag an mBanc Domhanda de réir mar is cuí agus Cumann Leasa na bhFostaithe Idirnáisiúnta.

Toscairí ó thíortha eile

Faigheann an Bord toscairí ó thíortha eile go rialta, go háirithe i gcomhthéacs na forbartha den mhargadh pinsean trasteorann, agus soláthraíonn sé cur i láthair faoi chóras pinsean na hÉireann nuair a iarrtar chomh fada agus is féidir.

Seirbhísí Corparáideacha

Réamhrá

D'fhonn ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh ní mór dúinn:

- An cumas airgeadais, teicniúil agus intleachtacha cuí a bheith i bhfeidhm againn don éifeacht is mó agus athbhreithniú ar dólámh a dhéanamh orthu.
- Iarraidh feabhas a chur ar an tslí a fheidhmímid trí ár eagraíocht, ár mbéim chustaiméara agus an gealltanas d'ár bhfoireann a fhorbairt i tslí ghníomhach; agus
- Cinntiú go bhfuil an Bord lán géilliúil leis an dea-chleachtas maidir leis rialachas corparáide agus go ndéantar bainistiú gníomhach ar rioscaí.

Maoiniú

Monatóireacht ar Airgeadas

Mhol an Bord don Aire nár chóir aon athrú a dhéanamh don táille scéime pinsean gairme de €9.50 in aghaidh an bhaill scéime ghníomhach le haghaidh 2006. Tá sé seo ag cloí leis Rialacháin na Scéimeanna Pinsean Gairme (Táillí) (Leasú), 2002 (I.R. 610 de 2002). Tá leibhéal na táille reatha i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2003.

Déanann Acht na bPinsean (Leasú), 2002 foráil le haghaidh sruth táille ioncaim ar leith chun costas rialaithe na gCCSP a chlúdach. Chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maoiniú de €1.12m ar fáil freisin don Bhord i 2006 chun na costais a thabhaíodh i leith na feitheoireachta de CCSP a íoc.

Lean an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean ar aghaidh i 2006 agus cuireadh liúntas de €1milliún ar fáil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh don aidhm seo. Léirítear an caiteachas seo sna cuntais bhliantúla.

Ceapadh Baker Tilly O'Hare mar iniúchóirí inmheánacha i Meán Fómhair 2006. Bhí dhá chuairt suímh i gceist leis an gclár iniúchta inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt smachta agus próisis. Rinneadh athbhreithniú ar na tuarascálacha a sheachaid na hiniúchóirí i rith na bliana ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord.

Airgeadas

Is ionann caiteachas don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006 agus €6.59m a sheasann do mhéadú de 17% ó 2005. Is ionann ioncam iomlán don bhliain agus €7.56m, i gcomparáid le €6.5m i 2005.

As an iomlán i 2006, is ionann an t-ioncam ilghnéitheach agus €0.26m, a ghineadh ó ús ar airgid a bhí á choimeád mar thaisce agus ó díolachán na bhfoilseachán.

Tháinig an farasbarr ioncaim thar caiteachas ag ardú sa bhliain ar €00.96m. Ba é €00.86m an farasbarr comhfhreagrach i 2005. Bhí an farasbarr le haghaidh 2006 chun tosaigh ar a meastar toisc meascán de choigiltis chaiteachais agus ioncaim shnámhacha.

Le haghaidh sonraí breise faoi na cuntais airgeadais déan tagairt don chaibidil dár teideal Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2006.

Bailiú Táille

Bhailigh an Bord €4.36m in ioncam táille maidir le scéimeanna pinsean gairme a bhí ina méadú de €260,000 i gcomparáid le 2005. Maidir leis na CCSP, bhailigh an Bord táillí de €362,000, i gcomparáid le hiomlán de €210,000 i 2005.

Dearcadh Airgeadais

Bheartaigh an Bord gan aistriú bhreise a dhéanamh ón gcuntas ioncaim agus caiteachais don Chúlchiste Forfheidhmithe Géilliúlachta, a bhfuil ag €0.3m i láthair na huaire.

Is cúis é an t-aistriú bliantúil ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí foráil dhímheas, in éineacht le ham na n-admhálacha ioncaim táille, don Bhord, ó am go ham, airgead tirim a bheith aige atá mar fharasbarr dá riachtanais láithreacha. Nuair a tharlaíonn sé sin, déantar an farasbarr airgid a infheistiú in urrúis riosca íseal gearr-théarmacha a ghéilleann aischur inghlactha atá comhsheasmhach le feidhmeanna reachtúla agus údarás an Bhoird.

Ag deireadh 2006, ba é Cúlchiste Ioncaim an Bhoird, a bhí ina farasbairr tiomsaithe, ná €5.73m.

Seasann Cúlchiste Caipitil an CCSP d'eilimint an chaiteachais chaipitil de na cistí a chuirtear ar fáil don Bhord ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun chur leis na gcostais de ghníomhaíochtaí rialaitheacha CCSP an Bhoird. Ag deireadh 2006, b'ionann an Cúlchiste Caipitil agus €0.28m.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)



I gcomhréir leis dea-chleachtais, lean an Bord le monatóireacht a dhéanamh ar a riachtanais TFC i rith 2006, d'fhonn leasa na teicneolaíochta a uasmhéadú le haghaidh custaiméirí inmheánacha agus seachtracha. I mBealtaine 2006 cheap an Bord comhlacht comhairlithe, ina dhiaidh próisis fhorthairisceana, chun luacháil dá struchtúr líonra reatha a dhéanamh amach agus ceisteanna TFC a mheas agus comhairle a thabhairt orthu, ina n-áirítear slándáil, oibreacha agus feidhmíocht an líonra. Is tionscadal mór bonneagrach é uasghrádú an chórais, agus nuair a bheidh deireadh leis, beidh sé ina uirlis tábhachtach chun cabhrú leis an mBord ina fheidhm rialála.

Clár an athraithe

Faoin Comhaontú um Choinneáil an Dul Chun Cinn, chuir an Boird pleananna gníomhaíochta um nuachóiriú faoi bhráid Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i rith 2006. Ghlac an Ard-Rúnaí leis an dá tuarascáil a chuireadh faoina bhráid i 2006 ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh toisc gur léirigh siad gur bhain an Bord an caighdeán dul chun cinn um nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí riachtanach amach. Ina dhiaidh an phróisis seo tugadh údarás don Bhord na méaduithe pá a bhronnadh de réir mar a fhoráladh sa Chomhaontú um Choinneáil an Dul Chun Cinn. Léiríonn páirteachas an Choiste Comhpháirtíochta sa chlár nuachóirithe próiseas bainistíochta agus oibríonn an fhoireann le chéile chun oibriú i dtreo na gcomh-spriocanna seo.

Achoimre ar Sheirbhís Custaiméara ar Ardchaighdeán

Ceann de na téamaí d'ár bPlean Gníomhaíochta um Nuachóiriú ná coincheap na Seirbhíse Custaiméara ar Ardchaighdeán (SCA). Is iad seo a leanas an 12 prionsabail SCA a tógadh ón Tionscnamh an Rialtais um Bhainistiú Straitéiseach:

1. Caighdeáin Seirbhíse ar Ardchaighdeán
2. Comhionannas/Éagsúlacht
3. Rochtain Fhisiciúil
4. Eolas
5. Tráthúlacht agus Cúirtéis
6. Déileáil le Gearáin
7. Achomhairc a Láimhseáil
8. Comhairliú agus Luacháil
9. Rogha
10. Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla
11. Comhordú Níos Fearr
12. Oibriú le Custaiméirí Inmheánacha

Is é cuspóir an Bhoird, de réir mar atá doiciméadaithe ina ráiteas straitéiseach 2006-2010 ná an tseirbhís is airde cáilíochta a thabhairt d'ár gcustaiméirí go léir bunaithe ar an 12 prionsabail SCA. Tá an Bord tiomnaithe do chinntiú go bhfuil na prionsabail SCA i ngach rud a dhéanann sé.

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Custaiméara (PGC) i 2005 chun béim ar leith a thabhairt ar fhorbairt na seirbhíse custaiméara. Déanann sé cuspóirí an Bhoird i réimse na seirbhísí custaiméara foirmiúil agus a thaifeadadh agus léiríonn sé conas ar mian leis an mBord a sheirbhísí a fhorbairt de réir prionsabail cáilíochta seirbhíse chustaiméara nua-aimseartha. Tá leagan nuashonraithe faoin tslí a chomhlíon an Bord na gealltanais atá leagtha amach sa PGC leagtha amach in Aguisín VI.

Is tionscnamh an PGC é foilseachán na Cairte Custaiméara. Is ráiteas poiblí é seo a chuireann síos ar chaighdeáin agus seirbhísí an Bhoird, a bhfuil le feiceáil in oifigí an Bhoird agus ar a shuíomh idirlín.

Mar chuid d'ár gcur chuige foriomlán i leith forbairt na seirbhísí custaiméara tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le heolas na bpinsean a chur ar fáil trí mheán na sé príomh teangacha a labhraítear faoi láthair in Éirinn agus tá ár gcuspóirí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla á chur ar aghaidh againn freisin.

Ag an gcroí d'aon tionscnamh Cairt Chustaiméara éifeachtach tá córas barúla agus gearáin chustaiméara. Tá an saghas aiseolais seo riachtanach chun ligean dúinn leanúint ag forbairt ár seirbhísí d'ár gcustaiméirí. Tá córas dá leithéid i bhfeidhm, faoi athbhreithniú rialta agus tá sé fós ag obair go héifeachtach.

Tallann a Bhainistiú

Baineann prionsabal na Seirbhíse Custaiméara ar Ardchaighdeán leis an gcustaiméir seachtrach agus an gcustaiméir inmheánach araon. Tá an Bord fós ag forbairt a chleachtais Acmhainní Daonna, ag obair go dlúth leis an gCoiste Comhpháirtíochta agus na foirne bainistíochta chun cumas, gealltanas agus deis a chothú.

Aithnítear na riachtanais oiliúna agus forbartha eagraíochta agus aonair trí Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), a léiríonn, mar shampla, athruithe sa teicneolaíocht, riachtanais solúbtha agus as déis a chéile. Tá oiliúint ar fáil d'fhostaithe an Bhoird go léir, fostaithe nua agus iad siúd atá ann cheana féin, trí imeachtaí oiliúna struchtúrtha, go hinmheánach agus go seachtrach araon.

Bhronn an Bord duaiseanna oideachais fhoirne freisin faoi Scéim na nDámhachtainí Oideachais a spreagann an fhoireann tabhairt faoi oiliúint acadúil agus gairmiúil bhreise.

An tslí a oibrímid a fheabhsú

Tháinig an Bord Pinsean sa chúig iomaitheoirí sa rás ceannais a bhí ar an ngearrliosta le haghaidh na PA Consulting/Sunday Times Management Awards a bhronnadh ag An Taoiseach ar 14 Samhain 2006. Tugann na duaiseanna seo ómós d'fheabhas na bainistíochta agus tá sé ar oscailt do gach comhlacht, poiblí agus príobháideach, ó thuaidh agus ó dheas na tíre.

Is éacht faoi leith é a bheith ar an ngearrliosta agus is léargas é ar éachtaí na bhfoirne go léir den Bhord i 2006. I measc an aighneachta bhí raon de na próisis bhainistíochta laistigh den Bhord, ina n-áirítear an Coiste Comhpháirtíochta, agus ionchur na bhfoirne go léir agus ár gcuspóirí straitéiseacha á gcomhlíonadh againn.

Rialachas

Forfheidhmiú an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

I nDeireadh Fómhair 2001, d'eisigh an Roinn Airgeadais Cód Cleachtais sainordaitheach don Rialú de Chomhlachtaí Stáit d'iarratas ag gach comhlacht Stáit tráchtála agus neamh-tráchtála. D'uchtaigh an Bord an Cód Cleachtais go foirmiúil ina chruinniú a bhí ar siúl in Aibreán 2002 agus tá sé fós ag cloí lena bhforálacha agus ag déanamh monatóireachta ar na riachtanais ar bhonn rialta. Fuair baill an Bhoird go léir treoir freisin faoi cóid iompair eiticiúla agus go háirithe faoina bhfreagrachtaí maidir leis an gcód iompar le haghaidh baill agus foirne an Bhoird Pinsean.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Is Comhlacht Poiblí forordaithe é an Bord Pinsean d'aidhm na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tugadh comhairle do na baill go léir den Bhord (mar shealbhóirí de 'stiúrthóireachtaí ceaptha') agus do na baill foirne a bhfuil 'poist ceaptha' acu faoina ndualgais faoi reachtaíocht na n-eiticí agus tugadh an treoir oiriúnach díobh.

Bainistiú Riosca

Is léir gur ceist í bainistiú riosca d'aon eagraíocht agus go háirithe d'aon rialtóir agus ghlac an Bord céimeanna tiargála i 2006 chun tabhairt faoi athbhreithniú iomlán i 2007 ar ár rioscaí ábhartha agus straitéisí maolaithe riosca.

Conclúid

Leanann an Bord ag cur a obair ar aghaidh go gníomhach chun a chinntiú go bhfuil ár dtacaíochtaí á himscaradh agus á fhorbairt go héifeachtach d'fhonn a chinntiú go mbainfear ár gcuspóirí foriomlána amach, ar son leasa an chustaiméara.

Dréacht Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	44
Ráiteas ar Dhualgais an Bhoird	46
Ráiteas an Chathaoirligh ar an gCóras Inmheánach um Rialú Airgeadais	47
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	51
Clár Comhardaithe	52
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	53
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	54



Tuarascáil and Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bord Pinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Acht na bPinsean, 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhordaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Achta na bPinsean, 1990 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Pinsean na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdean Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairismím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair cuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chas ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an ráiteas maidir le Rialú Inmhéanach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thurasacáil má thagain ar an eolas faoi rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchnóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Cleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchash, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht a n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó

neamhrialteacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna raitis airegeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíocht a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2006 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBoird. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

17 Bealtaine 2007

Ráiteas ar dhualgais an Bhoird

Faoi Alt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí go bhféadfadh a bheith formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le haontú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, tá sé de dhíth ar an mBord:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- meastacháin agus breithiúnais a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnach mura bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú;
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as ucht leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Chomh maithe le sin tá an bord freagrach as ucht sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Dervla Tomlin
Ball den Bhord

30ú Aibreán 2007

Ráiteas an Chathaoirligh ar an gCóras Inmheánach um Rialú Airgeadais

Freagracht as ucht Córas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar cheann an Bhoird, admhaím ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta a thabhairt seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí coiscthe nó go mbeadh siad aitheanta in am tráthúil.

Príomh Ghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallachta rialaithe cuí a chinntiú trí:

- dualgais bhainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- gnáthaimh thuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasach a rialú agus chun a chinntiú go dtógtar gníomhaíocht cheartúcháin cuí;
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta tiomanta a bhunú;
- deighilt soiléir idir feidhmeanna an Bhoird agus feidhmeanna Feidhmeannaigh;
- Cód Iompair a fhoilsiú le haghaidh baill an Bhoird agus foireann an Bhoird Pinsean;
- iniúchóirí inmheánaigh a cheapadh.

Tá próiseas bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus impleacht féideartha na rioscaí atá roimh an mBord a aithint lena n-áirítear méid agus catagóirí a bhraitheann siad mar a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta a mheas;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i leith an leas a baintear astu.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach de eolas bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas dáilte agus freagrachta. Go háirithe áirítear:

- córas cuimsitheach buiséadta le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBord;
- athbhreithniú rialta déanta ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus an Bord de thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagadh amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- iniúchtaí inmheánaigh rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm i 2003 is é an feidhm iniúchta inmheánach an phríomh eilimint a chuireann an Bord ar an eolas maidir le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánaigh faoi réir an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Faigheann obair an iniúchta inmheánaigh eolas trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht faoina réir agus tá cleachtadh anailíse lán riosca déanta maidir leis sin. Tá

anailís riosca agus an iniúchadh inmheánaigh formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus formheasta ag an mBord.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006, tá monatóireacht déanta ag an mBord Pinsean, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iniúchta, ar obair an Fheidhmeannaigh i réimse an rialaithe airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas;

- Cuntais bhainistíochta ráithiúla, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasach ón mbuiséad;
- Cuntais Bhliantúla do 2005 agus míniú ar éagsúlachtaí suntasacha;
- Buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2007;
- Tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2006 go rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmhéanaigh.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

30ú Aibreán 2007

Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta

Tá na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas tar éis a bheith curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ag déileáil le míreanna a glacthar leo mar ábhartha i leith na ráitis airgeadais.

(A)) BUNÚS D'ULLMHÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe sa mhodh fabhraithe de chuntasaíocht agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil sa bhfoirm formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le comhaontú an Aire Airgeadais faoi réir Alt 22(1) de Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe chomh maith faoi réir caighdeáin chuntasaíochta atá inghlactha go ginearálta in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na torthaí ainmnithe i Euro.

(B) IONCAM TÁILLE

Léiríonn ioncam táille

i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le Scéimeanna Pinsin Ceirde sa bhliain. Tógann an meastachán seo fáltais airgid san áireamh de bhun éilimh eisithe agus tá réasúntacht an fhigiúir seo deimhnithe i gcoinne an ioncaim táille ceaptha bunaithe ar phróifíl ríomhaire an Bhoird dá chuid scéimeanna.

ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus taillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe de Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Tá táillí CCSP ríofa trí thagairt don líon de tháirgí formheasta cláraithe agus luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

(C) DEONTAS STÁIT

Léiríonn Deontas Stáit an méid curtha ar fáil don bhliain ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun:

i) Costas na sochair aoisliúntais íoctha ag an mBord a fháil ar ais;

ii) Na costais bainteach le ról an Bhoird i leith CCSP a chomhlíonadh;

iii) Na costais bainteach le Feachtas Náisiúnta Feasachta na bPinsean (NPAC) a chomhlíonadh; agus

iv) Ranníoc le costais ábhartha eile.

(D) CÚLCHISTE CAIPITÚIL CCSP

Léiríonn an cúlchiste seo an méid neamh-amúchta de Dheontas Stáit úsáidte chun sócmhainní seasta a cheannach agus tá sé amúchta de réir dímheasa na sócmhainní ábhartha faighte.

(E) SÓCMHAINNÍ SEASTA INBHRAITE AGUS DÍMHEAS

Tá sócmhainní seasta inbhraite taispeánta ar chostas lúide dímheas carntha. Tá táille curtha ar dhímheas sa chuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líne díreach, ar na rátaí bliantúla leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, ceartaithe do luach iarmharach measta, thar saol úsáideach ionchais gach catagóir cuí.

Feabhsuithe léasacha 62/3% - 15 Bliain

Trealamh Ríomhaireachta 25% - 4 Bliana

Troscán oifige 12½% - 8 mBliana

Trealamh oifige 20% - 5 Bliana

Mótar-fheithicil 20% - 5 Bliana

(F) LÉAS OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

(G) AOISLIÚNTAS

I bhfianaise na socruithe, mar atá curtha síos orthu i nóta 20, atá in áit ag an mBord maidir leis an scéim sochair sainmhínithe a ritheann sé dá fhostaithe, tá an Bord den tuairim nach bhfuil na forálacha de Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir maidir le dliteanais phinsean a éiríonn faoin scéim sochair sainmhínithe infheidhmithe sa chás seo.

Mar sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí an fhostóra ar ioncam agus caiteachas sa bhliain ar nós go raibh an scéim ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam ag seasamh d'íocaíochtaí á fháil ar ais ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

(H) CÚLCHISTE FORFHEIDHMITHE GÉILLTE

Toisc gur comhlacht Rialála Reachtúil é an Bord Pinsean atá i bhfeighil monatóireachta agus forfheidhmiú géilleadh le forálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, a chinntiú idir iontaobhaithe Scéime, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Bhord, ó am go chéile, dul i muinín caingne dlíthiúil.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais suntasacha a bheith i gceist don Bhord de bharr a leithéid de chaingean.

Ní féidir braith roimh ré cathain a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh as, ach is é dearcadh an Bhoird gur chóir go leor acmhainní a bheith ar fáil nuair a tharlaíonn sé agus a leithéid do chostais a leathadh amach thar cúpla bliain.

Dá réir sin tá méideanna á tharchuir ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmithe géillte nuair a bhraitear go bhfuil sé sin riachtanach.

Cuntas ioncaim agus caiteachais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	**2006 €**	2005 €
Ioncam			
Táillí Scéim Pinsean Oibre:		**4,358,413**	4,101,026
Táillí Chúntas Coigiltis Scoir Phearsanta	*1*	**361,838**	210,182
Soláthraí Ranníocaíochtaí NPAC	*2*	**32,000**	47,000
Deontas Stáit maidir le:			
Íocaíochtaí pinsean do fhoireann scortha		**316,099**	45,680
Costais Chúntas Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)	*1&19*	**1,162,470**	1,234,119
Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean	*2*	**1,000,000**	570,000
Ranníocaíocht le costais athbhreithnithe scéime		**-**	24,805
Ioncam eile	*3*	**257,372**	217,289
Ioncam iomlán		**7,488,192**	6,450,101
Tarchuir ó cúlchiste caipitiúil CCSP	*15 & 19*	**71,883**	67,895
		7,560,075	6,517,996
Caiteachas			
Tuarastail, pinsin agus costais choibhneasta	*4*	**3,206,056**	2,668,309
Táillí agus costais de chuid baill an Bhoird	*5*	**141,564**	102,960
Cíos agus costais oifige	*6*	**774,051**	769,154
Earcaíocht, traenáil agus oideachas	*7*	**150,281**	103,894
Eolas, taighde agus poiblíocht	*8*	**992,636**	604,079
Comhairliú agus táillí gairmiúla eile	*9*	**761,301**	895,821
Riarachán ginearálta	*10*	**385,634**	313,463
Dímheas	*11*	**183,548**	198,906
Caiteachas iomlán		**6,595,071**	5,656,586
Farasbarr don bhliain		**965,004**	861,410
Cúlchiste ioncaim ar 1 Eanáir		**4,766,531**	3,905,121
Cúlchiste ioncaim ar 31 Nollaig		**5,731,535**	4,766,531

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin pléite sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le oibreacha leanúnacha.

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta agus nótaí, 1 go dtí 23 mar pháirt de na ráitis airgeadais seo.

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

30ú Aibreán 2007

Clár Comhardaithe

Amhail ag 31 Nollaig 2006

	Nótaí	2006		2005	
		€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní inbhraite	*11*		**834,616**		971,372
Acmhainní Reatha					
Féichiúnaithe	*12*	**811,047**		573,976	
Banc	*18*	**5,204,969**		4,296,500	
		6,016,016		4,870,476	
Fiachais Reatha					
Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin	*13*	**534,709**		419,046	
Sócmhainní reatha glan			**5,481,307**		4,451,430
Sócmhainní iomlán			**6,315,923**		5,422,802
Maoinithe ag					
Cúlchiste forfheidhmithe géillte	*16*	**300,000**		300,000	
Cúlchiste caipitiúil CCSP	*15 &19*	**284,388**		356,271	
Cúlchiste ioncaim		**5,731,535**		4,766,531	
			6,315,923		5,422,802

Tá an ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 ina bpáirt de na ráitis airgeadais seo.



Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach



Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

30ú Aibreán 2007

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Nótaí	**2006 €**	2005 €
Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochta oibríochta	*17*	**920,551**	1,004,421
Aischuir ó infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais			
Ús faighte		**32,146**	79,231
Caiteachas caipitiúil			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inbhraite a		**(54,478)**	(85,013)
Fáltais ó dhíolachán sócmhainní seasta		**10,250**	
Acmhainní leachtacha a bhainistiú			
(Méadú) i dtaiscí gearr-théarmacha		**(500,000)**	(900,000)
Méadú in airgead tirim		**408,469**	98,639
Réiteach de shreabhadh airgid glan go dtí gluaiseacht i gcistí glan	*18*		
Méadú in airgead tirim sa bhliain		**408,469**	98,639
Méadú i dtaiscí gearr-théarmacha		**500,000**	900,000
Gluaiseacht i gcistí glan sa bhliain		**908,469**	998,639
Ciste glan ag 1 Eanáir		**4,296,500**	3,297,861
Ciste glan ag 31 Nollaig		**5,204,969**	4,296,500

Nótaí do na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

1. COSTAIS AGUS MAOINIÚ CCSP

	2006 €	2005 €
Deontas stáit CCSP infhaighte sa bhliain	**1,162,470**	1,234,119
Táillí CCSP	**361,838**	210,182
Iomlán maidir le costais CCSP	**1,524,308**	1,444,301
Curtha i bhfeidhm maidir le costais CCSP:		
Neamh-chaipitiúil	**1,509,211**	1,417,921
Caipiteal	**15,097**	26,380
	1,524,308	1,444,301

2. COSTAIS AGUS MAOINIÚ NPAC

Lean an Bord Pinsin thar ceann an Rialtais an Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (NPAC) i 2006. Cuireadh dáileadh €1,000,000 ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil i gcaitheamh na bliana le haghaidh an chuspóir seo.

Ina theannta sin fuair an Bord €32,000 ó sholáthraithe pinsin. Baineann sé seo le ranníocaíochtaí i dtreo maoiniú na dtionscadal cur chun cinn.

Is í an phríomhaidhm atá ag an bhfeachtas NPAC ná aird níos mó a dhíriú ar phinsin agus chun clúdach na bpinsean in Éirinn a mhéadú.

Caitheadh an dáileadh ar na catagóirí seo a leanas:

	2006 €	2005 €
Éolas agus gníomhachtaí feasachta	**899,367**	489,014
Bainistíocht tionscadail	**86,415**	79,440
Riarachán	**36,662**	6,256
	1,022,444	574,710

3. IONCAM EILE

	2006 €	2005 €
Ioncam úis	**134,594**	87,651
Foilsiúcháin	**83,042**	94,373
Ioncam ilghnéitheach	**39,736**	35,265
	257,372	217,289

4. LÍON NA BHFOSTAITHE AGUS COSTAIS

Is é an forlíon iomlán foirne mar a bhí formheasta ag an Aire ag 31 Nollaig 2006 ná 39.5 buan (2005 – 39.5 buan). I 2006 ba é líon meánach na bhfostaithe seachas baill foirne conartha ná 39 (2005 – 39). Seo a leanas mar a bhí na fostaithe comhiomlána agus costais choibhneasta:

	2006 €	2005 €
Tuarastail	**2,197,144**	2,067,580
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra *	**467,069**	333,244
Ranníocaíochtaí IMAT an fhostóra	**169,266**	159,875
Sochair aoisliúntais iníoctha	**316,099**	45,680
Foireann Chonartha – ginearálta	**56,478**	61,930
	3,206,056	2,668,309

**Féach nóta 20*

5. TÁILLÍ AGUS COSTAIS DE CHUID BAILL AN BHOIRD

	2006 €	2005 €
Táillí an Bhoird	**140,000**	99,044
Costais	**1,564**	3,916
	141,564	102,960

6. CÍOS AGUS COSTAIS OIFIGE

	2006 €	2005 €
Cíos	**572,708**	571,610
Táille seirbhíse	**56,416**	81,467
Rátaí	**57,487**	55,381
Leictreachas	**25,528**	20,737
Glantóireacht	**25,639**	23,825
Cothabháil ghinearálta	**34,368**	14,012
Stóras lasmuigh den suíomh	**1,905**	2,122
	774,051	769,154

Tá an Bord i seilbh áitribh ag Teach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain a thosaigh ar 16 Iúil 2001.

7. EARCAÍOCHT, TRAENÁIL AGUS OIDEACHAS

	2006 €	2005 €
Costais earcaíochta agus foirne	**64,255**	42,234
Traenáil agus oideachas	**86,026**	61,660
	150,281	103,894

8. EOLAS, TAIGHDE AGUS POIBLÍOCHT

	2006 €	2005 €
Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta	**819,632**	449,031
Cló agus foilseacháin	**106,268**	104,589
Seastáin eolais agus seoltaí	**50,484**	35,741
Taighde	**16,252**	14,718
	992,636	604,079

9. COMHAIRLIÚ AGUS TÁILLÍ GAIRMIÚLA EILE

	2006 €	2005 €
Táillí dlí	**281,676**	264,400
Pinsin/táillí comhairlithe achtúire	**225,116**	219,578
Eolas agus caidrimh phoiblí	**113,383**	91,766
Comhairliú bainistíochta	**38,463**	36,736
Comhairliú earcaíochta	**31,780**	13,915
Táillí iniúchta inmheánach	**19,231**	13,588
Táillí iniúchta	**14,400**	14,400
Comhairleacht Náisiúnta um athbhreithniú na bpinsean	**-**	236,253
Eile	**37,252**	5,185
	761,301	895,821

10. RIARACHÁN GINEARÁLTA

	2006 €	2005 €
Páipéarachas agus costais oifige ghinearálta	**201,216**	106,192
Gutháin agus post	**60,613**	72,342
Cothabháil ríomhaire agus ábhair inchaite	**76,634**	97,634
Taisteal agus maireachtáil	**35,713**	24,929
Árachas	**10,603**	11,506
Ús agus táillí	**855**	860
	385,634	313,463

11. SÓCMHAINNÍ SEASTA INBHRAITE

	Feabhsuithe léasacha €	Trealamh ríomhaireachta €	Troscán oifige €	Trealamh oifige €	Gluaisteán €	Iomlán €
Costas nó Luacháil						
Ag 1 Eanáir 2006	1,136,181	611,603	186,679	122,111	38,430	2,095,004
Breiseanna sa bhliain	2,563	37,817	5,009	9,089	-	54,478
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-	(38,430)	(38,430)
Ag 31 Nollaig 2006	1,138,744	649,420	191,688	131,200	-	2,111,052
Dímheas Carntha						
Ag 1 Eanáir 2006	375,326	521,005	106,248	90,309	30,744	1,123,632
Táille don bhliain	75,916	72,377	23,961	11,294		183,548
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-	-	(30,744)	(30,744)
Ag 31 Nollaig 2006	451,242	593,382	130,209	101,603	-	1,276,436
Luach Leabhair Glan						
Ag 31 Nollaig 2005	760,855	90,598	80,431	31,802	7,686	971,372
Ag 31 Nollaig 2006	687,502	56,038	61,479	29,597	-	834,616

12. FÉICHIÚNAITHE

Méideanna ag fáil dlite laistigh de bhliain amháin:	**2006 €**	2005 €
Ioncam táille	**588,200**	466,011
Ús fabhraithe infhaighte	**149,508**	47,060
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	**49,465**	30,418
Féichiúnaithe eile	**23,874**	30,487
	811,047	573,976

13. CREIDIÚNAITHE

Méideanna ag fáil dlite laistigh de bhliain amháin:	**2006 €**	2005 €
Fabhruithe	**355,255**	260,765
Creidiúnaí cánach	**141,174**	102,306
Creidiúnaí deontais Stáit CCSP	**6,060**	13,808
Creidiúnaithe trádála	**32,220**	-
Asbhaintí tuarastail	**-**	42,167
	534,709	419,046

14. GEALLTA AIRGEADAIS

(i) **Geallta Caipitiúla**

Ní rabh aon gheallta caipitiúla ag 31 Nollaig 2006.

(ii) **(ii) Léasanna Oibríochta**

Bhí geallta iníoctha sa dhá mhí dhéag le teacht ag an mBord faoi léasanna oibríochta neamh-chealaithe mar seo a leanas:

	2006	2005
Léas ar lóiste oifige	**€**	€
Dáta éagtha tar éis cúig bliana	**554,672**	554,342

15. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL CCSP

	2006		2005	
	€	**€**	€	€
Ag tosach na bliana		**356,271**		424,166
Tarchuir (go dtí)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais				
Deontas na bliana reatha	**15,097**		26,380	
Amúchadh – sócmhainní caipitlithe sa bhliain	**(3,546)**		(6,025)	
– gnóthaithe an bhliain roimhe	**(83,434)**	**(71,883)**	(88,250)	(67,895)
Ag deireadh na bliana		**284,388**		356,271

16. CÚLCHISTE FORFHEIDHMITHE GÉILLTE

	2006	2005
	€	€
Ag tús agus deireadh na bliana	**300,000**	300,000

17. RÉITEACH AR FHARASBARR DON BHLIAIN LE hAIRGEAD GLAN Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA

	2006	2005
	€	€
Farasbarr don bhliain	**965,004**	861,410
Míreanna Neamh-Oibríochta		
Ús faighte	**(32,146)**	(79,231)
Farasbarr ó dhíolachán sócmhainne seasta	**(2,564)**	-
Míreanna Neamh-Airgid		
Tarchuir ó cúlchiste caipitiúil CCSP	**(71,883)**	(67,895)
Dímheas	**183,548**	198,906
(Méadú) i bhféichiúnaithe	**(237,071)**	(16,406)
Méadú in gcreidiúnaithe neamh-chaipitiúla	**115,663**	107,637
Insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochta oibríochta	**920,551**	1,004,421

18. ANAILÍS AR ATHRUITHE I GCISTÍ GLANA

	Ag 1 Eanáir 2006 €	Sreabhadh Airgid €	Ag 31 Nollaig 2006 €
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**196,500**	**408,469**	604,969
Taiscí gearr-théarmacha	**4,100,000**	**500,000**	4,600,000
	4,296,500	**908,469**	5,204,969

19. FIACHAS TEAGMHASACH

D'fhéadfadh an deontas Stáit maidir le costais CCSP a bheith le haisíoc sa todhchaí má bhíonn táillí faighte ag an mBord ó sholathraithe CCSP níos mó ná na costais choibhneasta.

Is é iomlán na ndeontas Stáit infhaighte don bhliain ná €1,162,470 (2005- €1,234,119). Ag deireadh na bliana is é méid na ndeontas stáit carntha ná €7,057,477 (2005 - €5,895,007).

20. CÓIREÁIL CHUNTASAÍOCHTA DO SHOCHAIR SCOIR *

Ritheann an Bord scéim sochair pinsean sainmhínithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus tá sé formheasta ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair phinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Chomh maith leis sin, tá roinnt tréithe sainithe ag socruithe an Bhoird Phinsean:

- tugann an Bord ranníocaíocht aontaithe don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- bíonn eilimint fhostaí mar aon le heilimint fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Bíonn ranníocaíocht an fhostóra mar 16.67% de phá comhlán agus íocann an Bord as;
- tá geall léir ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le Comhaontú na Roinne Airgeadais, go gcomhlíonadh an Státchiste costas na sochar de réir mar a thagann siad chun cinn.

Measanna an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna ag a chuid socruithe pinsean, ó thaobh an Bhoird de, mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe Tá sé den tuairim nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a éiríonn faoi scéimeanna sochair sainmhínithe oiriúnach dá chúinsí. Dá bhrí sin déanann siad cuntasaíocht dá ranníocaíocht faoi mar dá mbeadh sé ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe.

** Féach nóta 4*

21. BAILL DEN BHORD – NOCHTADH IDIRBHEARTA

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord le haghaidh fostaithe agus baill an bhoird faoi réir an Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir i leith nochtadh na leasanna ag baill an Bhoird agus tá an Bord tar éis cloí leis na gnáthaimh seo i rith na bliana. Ó am go ham fostaíonn an Bord seirbhísí chomhairleoirí seachtracha le cáilíochtaí cuí chun oibreacha a dhéanamh chun cabhrú leis an mBord ina chuid oibre. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth gnáthaimh forthairisceana, a fheidhmíonn tríd an seirbhís phoiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. De réir nádúir na hoibre is féidir leis an mBord socrú conartha a dhéanamh ina bhfuil baill den Bhord fostaithe nó a bhfuil suim acu ann.

I rith 2006 thug an Bord táillí orthu féin iníoctha le tríú páirtí, táillí dlí san áireamh, maidir le seirbhísí gairmiúla de mhéid €761,301 le CBL san áireamh. Áiríonn an méid seo €4,840 a bhí íoctha le Mercer Human Resources Limited gnólacht ina bhfuil Rosalind Briggs Uasal agus Mary Wade Uasal ina bpáirtithe.

22. CÁNACHAS

Tá an Bord díolúnach ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

23. NA RÁITIS AIRGEADAIS A FHORMHEAS

Rinne an Bord an Ráitis Airgeadais a fhormheas ar 30ú Aibreán 2007

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an Bord Pisean faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanair, 1998.

De réir na gceanglas mar atá leagtha amach i Mír 12 den Acht, ba mhaith linn an méid a leanas a thuaisriciú:

- Dearbhaíonn an Bord Pinsean go gcloíonn sé leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- Ba é polasaí an Bhoird Phinsean a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Íoctar beagnach gach sonrasc laistigh de 30 lá oibre óna n-admháil. I gcás conradh scríofa, íoctar na sonraisc de réir théarmaí an chonartha.
- Le cois sin tá córas ríomhairithe bunaithe ag an mBord, deartha chun a chinntiú do féin ar bhonn siarfhéachana go raibh comhlíonadh ann le forálacha íocaíochta an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.
- I gcás cospóide idir an Bord agus soláthar, tá gnáthamh ann ina ndéantar taifeadadh ar theagmháil idir an Bord agus an soláthar, lena mbaineann an chonspóide. Is féidir leis an ngnáthamh a tagraíodh dó dearbhú reasúnta agus nach bhfuil absalóideach a sholáthar amháin i gcoinne neamhchomhlíonta leis an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Ní raibh aon íocaíochtaí déanacha le linn 2004 agus dá réir sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí pionóis úis sa bhliain.

Ar deireadh, tá mé sásta go bhfuil an gníomh atá an Bord Pinsean a dhéanamh chun déileáil leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 i gcomhlíonadh leis an Acht.

Brendan Kennedy

Brendan Kennedy
Príomhfheidhmeannach

30ú Aibreán 2007

Aguisíní

Aguisín i – Cairteacha agus Táblaí 64

Aguisín ii – Reachtaíocht 75

Aguisín iii – Dátaí oibritheacha de chodanna d'Achtanna na bPinsean 80

Aguisín iv – Rialacháin/orduithe tosaithe 2006 81

Aguisín v – Poilseacháin 84

Aguisín vi – Feidhmíocht an Phlean Gníomhaíochta Chustaiméara (pgc) i gcoinne gealltanais 86

Aguisín vii – Giorrúcháin 88



Aguisín i – Cairteacha agus Táblaí

Féach caibidil 'Rialáil/Géilliúlacht'

Cairt 1 Treocht Sócmhainneachta



Clár na Scéimeanna

Tábla 1 Scéimeanna Reatha - Sochair Sainmhínithe

	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005
Neamh-Ghrúpa	33	36	33	36
1 – 50	839	889	13,868	14,584
51 – 99	184	183	13,289	13,178
100 – 500	251	267	59,302	62,402
501 – 1000	45	48	31,308	34,710
1001 +	59	55	424,562	374,975
Iomlán:	**1,411**	**1,478**	**542,362**	**499,885**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*

2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh*

3) *Is é is brí le 'Neamh-Ghrúpa' ná scéim ina gceadaítear ball amháin agus sin an méid de réir a bhunaithe.*

4) *Ní hionann na figiúirí sa tábla seo agus suim na bhfigiúirí i dTábla 2 agus 3 sa chuí is go gclúdaíonn Tábla 1 scéimeanna reatha. Áiríonn Tábla 2 scéimeanna reatha agus scéimeanna neamh-reatha.*

Tábla 2 Scéimeanna Sochair Sainmhínithe atá faoi réir an Chaighdeáin Mhaoinithe

	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2006	31 Nollaig 2005
Neamh-Ghrúpa	12	17	12	17
1 – 50	745	797	12,425	13,209
51 – 99	168	171	12,171	12,360
100 – 500	230	241	54,458	56,317
501 – 1000	40	44	28,319	32,021
1001 +	37	35	162,144	125,203
Iomlán:	**1,232**	**1,305**	**269,529**	**239,127**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*

2) *Áiríonn sé Scéimeanna nach bhfuil reatha ach a choimeád fiachais Sochair Sainmhínithe.*

3) *Is é is brí le 'Neamh-Ghrúpa' ná scéim ina gceadaítear ball amháin agus sin an méid de réir a bhunaithe.*

Tábla 3 Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Gan a Bheith San Áireamh sa Chaighdeán Maoinithe

